

# OIFIG AN AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2021

---



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

## Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Parnell Thoir  
Baile Átha Cliath 1  
D01 W5C2

**Teil:** +353 1 858 5800  
**Facs:** +353 1 858 5801

**Ríomhphost:** [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)  
**Gréasán:** [www.odce.ie](http://www.odce.ie)  
**Twitter:** @odce

## Cóipcheart agus Ráiteas um Shéanadh

Is le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar na hábhair sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Níor cheart aon ní anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar a thuiscint nó ar a léirmhíniú ar fhorálacha ar bith d'Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) nó ar léirmhíniú ar aon dlí. Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dlíteanas ar bith a thíocfadh as ábhar an fhoilseacháin seo nó as earráidí, míchruinneas nó easnaimh ar bith in ábhar an doiciméid seo. Coimeádann an Stiúrthóir an ceart aige féin beart a dhéanamh, a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© An Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2022



# Clár Ábhair

|  |           |
|--|-----------|
| <b>RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA</b>   | <b>1</b>  |
| <b>Forléargas ar 2021</b>  | <b>2</b>  |
| Dócmhainneacht chorparáideach  | 2         |
| Imscrúduithe agus forfheidhmiú   | 3         |
| Tacaíocht agus comhairle   | 3         |
| An bhliain amach romhainn  | 3         |
| Dócmhainneacht chorparáideach  | 3         |
| Imscrúduithe agus forfheidhmiú   | 4         |
| An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“ÚFC”)  | 4         |
| Tuairimí deiridh   | 4         |
| <b>2021 I BHFIGIÚIRÍ</b>   | <b>5</b>  |
| <b>CAIBIDIL 1: FORLÉARGAS AR AN OSFC</b>   | <b>6</b>  |
| Sainordú reachtúil   | 7         |
| Spriocanna ardleibhéil   | 8         |
| Acmhainní, struchtúr eagraíochtúil, socruithe rialachais & príomhshruthanna oibre  | 8         |
| <b>CAIBIDIL 2: TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS AR DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINNEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN</b> | <b>13</b> |
| Réamhrá  | 14        |
| Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana  | 14        |
| Caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt   | 15        |
| <b>CAIBIDIL 3: COMHLÍONADH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN</b>   | <b>18</b> |
| <b>Struchtúr na Caibidle seo</b>   | <b>19</b> |
| <b>CUID A: IONCHUIR</b>  | <b>19</b> |
| <b>IONCHUIR SEACHTRACHA</b>  | <b>19</b> |
| Tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682   | 20        |
| Dáileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile (m.s. ionchuir seachtracha seachas tuairiscí lechtaitheoirí faoi alt 682)                      | 24        |
| Gearáin  | 24        |
| Tuairiscí maidir le cionta indíotáilte iniúchóirí  | 25        |

|  |           |
|--|-----------|
| Tuairiscí Scrúdaitheoirí   | 26        |
| Atreoruithe  | 26        |
| Tuairiscí maidir le cionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla   | 26        |
| Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha  | 27        |
| Nochtach faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014   | 27        |
| <b>IONCHUIR INMHEÁNACHA</b>  | <b>27</b> |
| Réamhrá  | 27        |
| Gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chohóirt áirithe daoine   | 28        |
| Imscrúduithe a chuir sí tús leo as a stuaim féin   | 28        |
| Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte   | 28        |
| Gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht/iompar leachtaitheora  | 29        |
| Candam na n-ionchur inmheánach – 2021  | 30        |
| <b>CUID B: TRÉCHUIR</b>  | <b>30</b> |
| <b>CUID C: ASCHUIR</b>   | <b>32</b> |
| Bearta forfheidhmithe a bhaineann le dócmhainneacht agus aschuir a thagann as tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682 agus as scrúdú ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte | 32        |
| Aschuir ó phróiseas alt 682 (i.e. tuairisciú leachtaitheora)   | 32        |
| Líon iomlán na stiúrthóirí cuideachta a srianadh agus a dhícháilíodh le linn 2021  | 33        |
| Fíricí agus imthosca arna mbreithniú ag an Ard-Chúirt le linn Orduithe Dícháiliúcháin a dhéanamh agus ag an OSFC trí Ghnóthais Dícháilithe a thairiscint                     | 34        |
| Fíricí agus imthosca arna mbreithniú ag an Ard-Chúirt le linn Orduithe Srientachta a dhéanamh agus ag an OSFC trí Ghealltanais Srientachta a thairiscint                     | 37        |
| Bearta agus aschuir forfheidhmiúcháin eile (nach mbaineann le dócmhainneacht) - 2021   | 40        |
| Ceartú/leasú deonach a chinntiú  | 40        |
| Comhlíonadh a áirithiú agus fiosruithe agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú  | 41        |
| Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú  | 41        |
| Príomhdhlíthíocht shibhialta   | 42        |
| Imeachtaí coiriúla   | 43        |

|   |           |
|---|-----------|
| <b>CAIBIDIL 4: SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA</b>                               | <b>46</b> |
| Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara seachtracha   | 47        |
| Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha   | 49        |
| Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus de bhua stádas na hOifige mar eintiteas eanála poiblí arna bhunú le reacht                        | 50        |
| <b>AGUISÍNÍ</b>   | <b>54</b> |
| <b>AGUISÍN 1</b>  | <b>55</b> |
| Leithdháilte i gcomparáid le caiteachas iarbhír 2019-2021   | 55        |
| <b>AGUISÍN 2</b>  | <b>56</b> |
| Cuir i láthair a thug baill foirne an OSFC le linn 2021   | 56        |
| Foilseacháin a eisíodh agus a foilsíodh in 2021   | 56        |
| <b>AGUISÍN 3</b>  | <b>57</b> |
| Tuarascáil faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014  | 57        |
| <b>AGUISÍN 4</b>  | <b>58</b> |
| Cásanna leachtaithe i gcás gur thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais um Thoilíú Srianachta de bhun alt 852 d'Acht na gCuideachtaí 2014                  | 58        |
| Cásanna leachtaithe ina ndearna an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianachta de bhun alt 819 Acht na gCuideachtaí 2014  | 59        |
| <b>AGUISÍN 5</b>  | <b>60</b> |
| Cásanna leachtaithe i gcás gur thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais um Thoilíú Dícháiliúcháin de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014              | 60        |
| Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte - cásanna inar thug na stiúrthóirí Gealltanais um Thoilíú Dícháiliúcháin de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014 | 60        |
| Cásanna leachtaithe ina ndearna an Ard-Chúirt Orduithe Dícháiliúcháin de bhun alt 842 Acht na gCuideachtaí 2014   | 61        |
| <b>GLUAIS</b>   | <b>62</b> |

# RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

## Réamhrá

Tugann sé pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil 2021 an OSFC a chur faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Dr. Leo Varadkar, TD, de réir fhorálacha alt 954(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014.

### Forléargas ar 2021

#### Dócmhainneacht chorparáideach

Le linn 2021, lean an treocht anuas maidir le cuideachtaí ag dul faoi leachtú dócmhainneach. Bhí laghdú suntasach ar leachtú deonach creidiúnaithe i gcomparáid le figiúr 2020 (253 as 443), agus, ag 49 ceann, bhí leachtú Cúirte ar an leibhéal céanna agus a bhí sé in 2020. Ba é an toradh laghdú foriomlán 39% ar leachtú dócmhainneacha. Chun é sin a chur i gcomhthéacs, is ionann an leachtú dócmhainneacha agus 17% de leachtú iomlán na gcuideachtaí go díreach.

Sa bhreis ar an treocht ghinearálta anuas le blianta beaga anuas, áireoidh leis na tosca a chuir leis an laghdú ar leachtú dócmhainneacha le linn 2021, fadfhulaingt creidiúnaithe, na tacaíochtaí éagsúla Stáit a cuireadh ar fáil mar aitheantas ar éigeandáil sláinte poiblí Covid-19 agus an leasú sealadach ar an sainmhíniú maidir cad is cuideachta ann nach féidir a fiacha a íoc, mar a fhoráiltear in Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020.

Go díreach faoi bhun 670, áfach, bhí líon dtuairiscí na leachtaitheora le linn na bliana comhsheasmhach le leibhéal 2020. Ag teacht leis an bhfíric gur teipeanna dlisteanacha gnó iad formhór chásanna na dócmhainneachta corparáidí nach bhfuil aon smachtbhanna nó freagra forfheidhmithe tuillte ina leith, deonaíodh “Faoiseamh iomlán” do leachtaitheoirí i 57% de chásanna, agus níor eisíodh cinntí “Gan faoiseamh” nó “Faoiseamh páirteach” ach i 7% de na cásanna. Bhí an fuilleach cuimsithe go príomha de chinntí “Faoiseamh faoi láthair” a eisíodh, rud a thug deis do leachtaitheoirí tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh. Bhí na figiúirí sin ar fad ag teacht leis an mblain roimhe sin.

I gcás nach ndeonaítear faoiseamh, go ginearálta (cé nach i gcónaí) tairgfidh an OSFC deis do na stiúirthóirí lena mbaineann dul faoi Ghealltanús Srianachta nó Dícháiliúcháin, agus ar an tslí sin an costas a bhaineann le himeachtaí Ard-Chúirte a sheachaint. I rith 2021, eisíodh 59 tairiscint chun Gealltanús Srianachta a dhéanamh agus 5 thairiscint eile maidir le dícháiliú. Glacadh le 40 (68%) Gealltanús Srianachta, agus ba 4 (80%) an líon comhfhreagrach maidir le dícháiliú. Tá an deis acu siúd a roghnaíonn gan gealltanús a dhéanamh, mar atá an ceart acu, a gcásanna a chur ar aghaidh os comhair na hArd-Chúirte mar fhreagairt ar iarratais leachtaitheoirí. Faoi mar a fheictear i dTábla 17 sa tuarascáil seo, chuir an Ard-Chúirt srian le 11 stiúirthóir eile, agus ba 12 an figiúr comhfhreagrach maidir le dícháiliú. Baineann suntas leis sin maidir le Gaboto Limited agus Pembroke Dynamic Internet Services Limited, i gcás gur thug an Ard-Chúirt dícháiliú ó ghníomhú mar stiúirthóir cuideachta ar feadh tréimhsí 15 agus 16 bliana faoi seach – agus 16 bliana an tréimhse dhícháiliúcháin is faide a thug an tArd-Chúirt riamh.

Chomh maith leis sin, dícháillíodh 23 stiúirthóir eile de chuid cuideachtaí dócmhainneacha díscailte mar gheall ar ghealltanús gur cheadaigh siad cuideachtaí a raibh fiacha gan íoc acu a bhaint den chlár.

Leis an méid sin thuas a chur i gcomhthéacs, b’ionann comhiomlán na srianta agus an dícháilithe um chosaint an phobail a d’fhorchuir an OSFC ar stiúirthóirí cuideachta trí ghealltanús agus an Ard-Chúirt i rith na bliana agus 255 bliain agus 213 bliain faoi seach.



## Imscrúduithe agus forfheidhmiú

Tháinig ardú suntasach ar thuairiscí cionta indíotáilte an dá iniúchóir (2021: 131, 2020: 75) agus gearáin (2021:201, 2020: 149) a fuarthas ó bhaill den phobal ar leibhéal 2020 (i.e., 75% agus 35% faoi seach). Ar ndóigh, bhí tionchar ag na méaduithe sin ar chineál na hoibre imscrúdaithe agus forfheidhmithe a rinneadh le linn na bliana. Tá sonraí iomlána ar fáil i gCaibidil 3 den tuarascáil seo.

Le linn 2021, fuarthas 39 Ordú de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 agus alt 63 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 i ndáil le himscrúduithe leanúnacha OSFC. Bhí na gníomhaíochtaí bailithe faisnéise sin sa bhreis ar 6 agallamh amhrasta faoi rabhadh, 8 gcuardach faoi bharántas agus 8 ngabháil. Bhí sé sin, dá réir sin, sa bhreis ar réimse beart imscrúdaitheach eile, lena n-áirítear 56 ráiteas finné a ghlacadh, 6 iarratas a eisiúint chuig údarais dlínsí eile ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus eisiúint raoin treoracha agus orduithe reachtúla eile.

Ag eascairt as obair imscrúdaithe a rinne an OSFC le linn 2021, rinneadh 62 cúiseamh coiriúil in aghaidh daoine aonair ainmnithe. Bhain cúisimh coiriúla a ordaíodh, i measc nithe eile, le cionta líomhnaithe dhlí na gcuideachtaí a bhain le trádáil chalaíseach agus le faisnéis bhréagach a sholáthar chomh maith le gadaíocht agus sciúradh airgid. Ciontaíodh triúr le linn na bliana, nó fuarthas go raibh fíricí cruthaithe maidir le 12 chion (100% de na ciontaí a fuarthas ar phléadálacha ciontacha). Ag deireadh na bliana, bhí 4 chás, lena bhain thart ar 60 chúiseamh, fós os comhair na Cúirte Dúiche nó na Cúirte Cuarda agus bhí 1 chomhad leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) le breithniú cé acu ar cheart cúisimh a ordú ar díotáil. Tá sonraí iomlána ar fáil i gCaibidil 3 den tuarascáil seo.

Bhí an méid sin thuas ar fad sa bhreis ar dhul chun cinn roinnt imscrúduithe ar mhórsála, agus Cigireacht Ard-Chúirte a bhí ar siúl.

D’ordaigh an oifig seo go ndéanfaí sáruithe ar iasachtaí stiúrthóirí dar luach beagnach €10m a cheartú. I gcomhréir le prionsabail forfheidhmithe an OSFC, cuireadh chun cinn ceartú ar réimse cúrsaí eile a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear tásca maidir le neamhchomhlíonadh caighdeán cuntasáíochta, tásca go raibh daoine ag feidhmiú mar stiúrthóirí cuideachta cé nach raibh sé de chead acu déanamh amhlaidh agus saincheisteanna a bhaineann le cruinnithe cuideachta gan gá dul ar iontaoibh bearta forfheidhmithe foirmiúla.

## Tacaíocht agus comhairle

Chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha tacaíochta agus for-rochtana, i rith na bliana faoi athbhreithniú, rinne an OSFC an méid seo a leanas:

- trína ballraíocht sa Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí, chuidigh sí le tuarascálacha a ullmhú don Tánaiste, don Aire Troy agus dá n-oifigigh ar shaincheisteanna a bhaineann le dlí na gcuideachtaí i dtaca le faisnéis a sholáthar do chreidiúnaithe agus d’fhostóirí, cleachtais leachtaithe agus athstruchtúraithe agus saincheisteanna a tháinig chun cinn faoin Dara Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí (Treoir (AE)2017/828;
- ghlac sí páirt iomlán san Fhóram um Choireacht agus Éilliú Eacnamaíoch a bunaíodh de bhun mholtaí Ghrúpa Athbhreithnithe Hamilton; agus
- i gcomhar le CEPOL (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oilíúint um Fhorghníomhú an Dlí), rinne sí cur i láthair do bheagnach 400 duine maidir le “Coireacht Eacnamaíoch – Peirspictíocht na hÉireann”.

## An bhliain amach romhainn

### Dócmhainneacht chorparáideach

Cé go bhfeicimid, is cosúil gurb é an dearcadh atá i réim go bhfuil an dócmhainneacht chorparáideach íseal go mínáidúrtha le blianta beaga anuas agus, de réir mar atá tacaíochtaí an Stáit á n-aistarraingt agus forálacha reachtúla sealadacha á bhfoirceannadh, go dtiocfaidh méadú – a d’fhéadfadh a bheith ina mhéadú suntasach –



ar líon na gcuideachtaí a bheidh ag dul faoi leachtú dócmhainneach. Má tharlaíonn sé sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ábhartha ar líon tuairiscí na leachtaitheoirí a chuirfear isteach sna blianta amach romhainn. Ar ndóigh, beidh baint mhór ag cúinsí uathúla paidéime Covid-19 leis na breithnithe a chaithfear a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cheart, nó nár cheart, faoiseamh a dheonú i leith na stiúrthóirí cuideachta lena mbaineann.

### **Imscrúduithe agus forfheidhmiú**

Leanfaidh an OSFC lena himscrúduithe leanúnacha agus lena dlíthíocht ghaolmhar d'fhonn comhaid a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Chomh maith leis sin, b'fhéidir go bhfeicimid Cigirí an INM ag tuairisciú a gcuid torthaí don Ard-Chúirt – sa chás go gcuirfear tuairisc na gcigirí ar fáil don OSFC lena scrúdú. Tá sé sin ar fad sa bhreis ar ár scrúdú leanúnach ar cheisteanna a thagann chun cinn lena cinneadh an bhfuil údar le himscrúduithe nua a oscailt.

A mhéid agus a bhaineann le cumhachtaí imscrúdaithe, leanfaimid ag tacú leis na bearta reachtacha breise sin mar a mhol Grúpa Hamilton agus le páirt iomlán a ghlacadh san Fhóram agus, nuair a thionólfar é, sa Chomhairle Chomhairleach i gcoinne na Coireachta agus an Éillithe Eacnamaíoch. Maidir leis an dara ceann, táimid ag tnúth le páirt a ghlacadh i straitéis náisiúnta coireachta agus éillithe eacnamaíoch a fhorbairt, rud a bheidh ina gné thábhachtach chun freagairt iomlán na hÉireann ar na bagairtí sin a threisiú.

### **An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“ÚFC”)**

Shínigh an tUachtarán Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021 sa dlí ar an 22 Nollaig 2021. Táimid ag díriú anois, mar a atáimid le tamall anuas, ar na hullmhúcháin do bhunú an ÚFC a thabhairt chun críche agus ar a chinntiú go bhfuil na socruithe riachtanacha i bhfeidhm lena chur ar chumas an Tánaiste na horduithe tosaithe riachtanacha a shíniú.

## **Tuairimí deiridh**





Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Tánaiste, an Dr. Leo Varadkar, TD; an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála, Rialáil Dhigiteach agus Rialáil Cuideachtaí, Robert Troy, TD, agus a gcuid oifigeach as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Mar is gnáth, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil as an ngairmiúlacht, an díograis agus an tiomantas a léirigh mo chomhghleacaithe OSFC i rith na bliana.

**Ian Drennan**




**Stiúrthóir**

**29 Aibreán 2022**

## 2021 i bhfigiúirí



B'ionann an costas a bhain leis an OSFC a reáchtáil le linn **2021** agus  
**€5m** thart ar **82%** dá leithdháileadh don bhliain agus méadú  
**16%** i gcomparáid le **2020** (€4.3m - costas ar oibríochtaí)



# CAIBIDIL 1

## FORLÉARGAS

### AR OSFC

# Sainordú reachtúil

## Acht na gCuideachtaí 2014

Baineann na tagairtí go léir do reacht sa Tuarascáil seo le hAcht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) mura sonraítear a mhalairt. Leasaíodh an tAcht le reachtaíocht ina dhiaidh sin agus tá leagan neamhoifigiúil comhdhlúite den Acht ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí<sup>1</sup>.

## Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Déantar foráil do phost an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“Stiúirthóir”) i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht. Faigheann an Stiúirthóir, a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (“an tAire”), cuidiú maidir lena sainordú reachtúil a chur chun cinn uathu seo a leanas.

- baill foirne arna sannadh ag an Aire; agus
- comhaltaí den Gharda Síochána ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais.

Le chéile, comhdhéanann iad siúd thuas Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“OFSC”/“an Oifig”).

## Príomhfheidhmeanna an Stiúirthóra

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúirthóra leagtha amach in alt 949 den Acht. Áirítear orthu sin:

- i. comhlíonadh an Achta a spreagadh;
- ii. cásanna de chionta amhrasta faoin Acht a imscrúdú;
- iii. an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre<sup>2</sup>;
- iv. cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Stiúirthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte<sup>3</sup> faoin Acht; agus
- v. ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is dóigh leis gur gá nó gur cuí sin, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí maidir lena bhfeidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

## Neamhspleáchas an Stiúirthóra

Déantar foráil san Acht<sup>4</sup> go mbeidh an Stiúirthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

---

1 <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2014/act/38/revised/en/pdf?annotations=true>

2 i.e., os comhair na Cúirte Dúiche

3 Is ionann cion indíotáilte agus cion is féidir a thriail ar díotáil, i.e., os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda

4 9 Alt 949(3) d’Acht na gCuideachta, 2014

## Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla mar atá leagtha amach thuas, ba iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil an OSFC le linn na bliana faoi athbhreithniú:

- i. tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn;
- ii. aghaidh a thabhairt ar iompar mídhleathach agus mífhreagrach a mhéid a bhaineann sé le dlí na gcuideachtaí; agus
- iii. seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Déantar mionléiriú ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus a rinneadh faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach i gcuid eile den Tuarascáil seo mar a leanas:

- Caibidil 2 – Tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn
- Caibidil 3 - Comhlíonadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin
- Caibidil 4 - Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

## Acmhainní, struchtúr eagraíochtúil, socruithe rialachais & príomhshruthanna oibre

### Acmhainní Daonna

Sonraítear líon iarbhír fhoireann an OSFC (m.s., seachas baill foirne faofa) ag tús agus deireadh na bliana faoi seach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1 Líon Foirne OSFC – 2020/2021**

| Líon na Foirne (CL <sup>5</sup> ) | 31 Nollaig 2021 | 31 Nollaig 2020 |
|-----------------------------------|-----------------|-----------------|
| Líon iarbhír na foirne atá ann    | 44.6            | 43              |

Tá comhdhéanamh fhoireann na hOifige amhail an 31 Nollaig 2021, mar aon le sonraí comparáideacha, leagtha amach i dTábla 2 thíos.

**Tábla 2 Anailís ar iarbhír foirne (CL)**

| Grád                                    | 31 Nollaig 2021 | 31 Nollaig 2020 |
|---|-----------------|-----------------|
| Stiúrthóir                              | 1               | 1               |
| Cinn Feidhme                            | 3               | 3 <sup>6</sup>  |
| Dlíodóirí forfheidhmiúcháin             | 1               | 2               |
| Speisialtóir san Fhóiréinsic Dhigiteach | 1               | 1               |
| Cuntasóirí Fóiréinseacha                | 7               | 4               |
| Dlíodóirí                               | 0               | 1               |
| Príomhoifigigh Cúnta                    | 1               | 3               |
| Ardoifigigh Feidhmiúcháin               | 6.9             | 7               |
| Oifigigh Feidhmiúcháin                  | 5.4             | 5               |
| Oifigigh Cléireachais                   | 8.3             | 7               |
| Bleachtaire Gardaí (ar iasacht)         |                 |                 |
| Bleachtaire Cigire                      | 0               | 2 <sup>7</sup>  |
| Bleachtairí Sáirsintí/Sáirsintí         | 2               | 3               |
| Bleachtaire Gardaí                      | 8               | 4               |
| <b>Iomlán</b>                           | <b>44.6</b>     | <b>43</b>       |

### Acmhainní airgeadais

Maoinítear an Oifig trí Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (“an Roinn”) (Vóta 32). Leagtar amach i dTábla 3 thíos sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas na hOifige le haghaidh 2021 faoi seach.

**Tábla 3 Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas - 2021**

|   | Cionroinnt<br>€000anna | Caiteachas<br>€000s | %         |
|---|------------------------|---------------------|-----------|
| Pá  | 3,740                  | 2,462               | 66        |
| Neamhphá  | 2,317                  | 2,541               | 110       |
| Costais dlí eisceachtúla (soláthar teagmhasach) | 50                     | 0                   | 0         |
| <b>Iomlán</b>                                   | <b>6,107</b>           | <b>5,003</b>        | <b>82</b> |

Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna lena raibh difríocht idir an caiteachas iarbhír agus an leithdháileadh:

- coigilteas ar phá mar thoradh ar fholúntais nár líonadh nó a tháinig chun cinn i rith na bliana (scor agus daoine ag fágáil go príomha); agus
- sháraigh costais dlí (atá cuimsithe i neamhphá thuas) a bhain le Cigireacht na hArd-Chúirte ar an Independent News & Media plc (Grúpa Mediahuis Ireland Limited anois) a tháinig chun cinn le na bliana, ar deacair iad a thuar de réir a gcineáil, na leibhéil a rabhthas ag súil leo.


Tá anailís níos mionsonraithe ar an gcaiteachas a tabhaíodh le linn bliana leagtha amach in Aguisín 1 den Tuarascáil seo.

6 2 Bainisteoirí Punann Forfheidhmithe agus Ceann na Seirbhísí Dócmhainneachta agus Corparáideacha

7 Bhí an bheirt Chigirí in situ ar feadh tréimhse ghairid chun aistriú poist a éascú sula ndéanfaí an sealbhóir poist a bhí ag dul as oifig i ndiaidh ardú céime a athlonnú.

## Struchtúr na heagraíochta

Agus aird á tabhairt ar phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúirthóra agus na sruthanna oibre gaolmhara, tá an Oifig leagtha amach i roinnt feidhmeanna. Tá an struchtúr eagraíochtúil leagtha amach san eagraghram thíos.



## Príomhshruthanna oibre

Mar gheall ar chineál príomhshruthanna oibre na hOifige is gá cur chuige ildisciplíneach a bheith ag an gcuid is mó díobh a bhaineann le caidreamh leanúnach idir feidhmeanna agus/nó comhoibriú gníomhach feidhmeanna d'fhonn cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtach idir feidhmeanna, agus go nglacfaidh gach feidhm dearcadh eagraíochta iomláine agus iad ag comhlíonadh a ról, ina thoisic rithábachtach ratha. Dá réir sin, is cur chuige é seo a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

Tá príomhshruthanna oibre na hOifige leagtha amach sa Tábla thíos, mar aon le sonraí faoin áit sa Tuarascáil seo ina ndéileáiltear go príomha le gach sreabhadh oibre.

**Tábla 4 Príomhshruthanna oibre**

| Sruth oibre   | Feidhm(eanna) atá i gceist go príomha   | Caibidil |
|---|---|----------|
| Comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh                                    | Ar an gcéad dul síos baineann an fhreagracht maidir le comhlíonadh an Achta a spreagadh leis an bhfeidhm Abhcóideachta. Mar sin féin, déanann sí idirchaidreamh le feidhmeanna ábhartha eile chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí a shainaithe ar fiú tionscnaimh abhcóideachta fócasaithe a dhéanamh ina leith.   | 2        |
| Feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh                               | Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí an OSFC ar fheidhm amháin nó níos mó. Déantar forbairt aighneachtaí a chomhordú tríd an bhfeidhm Abhcóideachta de ghnáth.  | 2        |
| Tuairiscí na leachtaitheoirí a athbhreithniú agus breithiúnas a thabhairt orthu | Déanann an fheidhm Dócmhainneachta athbhreithniú, scrúdú agus breithiúnas ar thuairiscí leachtaitheoirí. Is iad oifigigh sheanbhunaithe cásanna dócmhainneachta a dhéanann cinntí maidir le faoiseamh a dheonú i leith stiúirthóirí cuideachtaí de bhun moltaí leachtaitheora, le hionchur nuair is gá ó chuntasóirí fóiréinseacha agus ó chomhairleoirí dlí, nuair is cuí.   | 3        |
| Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte a scrúdú                                   | Cuireann an fheidhm Dócmhainneachta beartas i bhfeidhm chomh maith chun scrúdú a dhéanamh ar cuideachtaí dócmhainneacha a baineadh den chlár agus dliteanais shuntasacha acu agus déanann sí cinntí ar cheart leanúint le dícháiliú na stiúirthóirí ábhartha.   | 3        |
| An Creat Gealltanais a chur chun feidhme  | Tá an sruth oibre sin ina chuid dhílis agus ríthábhachtach den fheidhm Dócmhainneachta agus cuimsítear ann nósanna imeachta riaracháin breise a bhaineann leis an gCóras Gealltanais maidir le stiúirthóirí cuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú. Is é an toradh air sin coigilteas an-suntasach costas agus cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí an Achta, mar a bhaineann sé le cuideachtaí dócmhainneacha.  | 3        |
| Scrúdú ar ghearáin agus ar thuarascálacha reachtúla                             | Is í an fheidhm um Fhorfheidhmiú atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar thuarascálacha reachtúla (amhail, mar shampla, tuarascálacha iniúchóirí ar chionta indíotáilte). Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thiochfaidh chun cinn, féadfaidh an fheidhm um Fhorfheidhmiú: <ul style="list-style-type: none"> <li>• aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna féin, e.g., trí cheartú/leasú deonach nó trí úsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla áirithe an Stiúirthóra;</li> <li>• an t-ábhar a shonrú mar ábhar nach mór tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh air;</li> <li>• an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an bhfeidhm Dócmhainneachta, e.g., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna atá i gceist le cuideachta dhócmhainneach;</li> <li>• an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile.</li> </ul>  | 3        |
| Dlíthíocht maidir le forfheidhmiú sibhialta                                     | Den chuid is mó, is í an fheidhm um Fhorfheidhmiú i gcomhar leis an bhfeidhm Dlí a bhainistíonn an dlíthíocht maidir le forfheidhmiú sibhialta.<br><br>Comhbhainistíonn an fheidhm Dócmhainneachta agus an fheidhm um Fhorfheidhmiú, arís i gcomhar leis an bhfeidhm Dlí, an dlíthíocht shibhialta, amhail dícháiliú stiúirthóirí cuideachtaí a baineadh de Chlár na gCuideachtaí <sup>8</sup> agus fiacha neamhurscaoilte acu a lorg.  | 3        |
| Imscrúdú agus ionchúiseamh coiriúil   | Tugann Aonad an Gharda Síochána faoi imscrúdú ar shárúithe coiriúla féideartha ar dhlí na gcuideachtaí i gcomhar leis an bhfeidhm um Fhorfheidhmiú agus Feidhm na Fóiréinsí Digtí.<br><br>Nuair a chinntear imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh, beidh an t-ionchúiseamh ina ghníomh comhoibríoch idir an fheidhm um Fhorfheidhmiú agus an fheidhm Dlí, agus Aonad an Gharda Síochána. Tá comhoibriú ar thaobh na feidhme um Fhorfheidhmiú, fheidhm na nGardaí agus na feidhme Dlí de i gceist le himscrúduithe ina bhfuil ionchúiseamh ar díotáil beartaithe.<br><br>I gcúinsí, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe arna chur isteach ag an Oifig, go gcinnfidh an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, beidh soláthar tacaíochta ina dhiaidh sin d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh don chosaint), mar fhreagracht go príomha ar an bhfeidhm um Fhorfheidhmiú agus ar Aonad an Gharda Síochána. | 3        |
| Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí   | Gníomhaíochtaí comhoibríocha a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (amhail, mar shampla, athbhreithniú a dhéanamh ar leabhair agus ar thairfid leachtaitheoirí), a bhaineann leis an bhfeidhm Dócmhainneachta agus leis an bhfeidhm um Fhorfheidhmiú araon.  | 3        |

8 Féach [www.cro.ie](http://www.cro.ie) chun tuilleadh eolais maidir le clár a fháil.



| Sruth oibre                         | Feidhm(eanna) atá i gceist go príomha   | Caibidil |
|-------------------------------------|---|----------|
| Seirbhísí tacaíochta a sholáthar    | <p>Is í feidhm na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar do réimsí eile den Oifig.</p> <p>Tá an fhreagracht ar gach feidhm as cuidiú le feidhm na Seirbhísí Corparáideacha lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí an OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí go hiomlán (e.g. i réimsí an tsoláthair, nósanna imeachta imréitigh cánach srl.).</p> | 4        |
| Bainistíocht agus forbairt caidrimh | Cé go mbítear i mbun caidrimh níos mó i bhfeidhmeanna áirithe, de bhua chineál a bpríomhoibríochtaí, le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ná a chéile, tá ról idirnasctha na heagraíochta chomh mór sin agus go bhfuil ról ag gach feidhm i mbainistíocht agus forbairt leanúnach caidrimh.   | 2        |

## CAIBIDIL 2

TUISCINT NÍOS FEARR  
AR CHEARTA AGUS  
AR DHUALGAIS NA  
BPÁIRTITHE LENA  
MBAINNEANN FAOI DHLÍ  
NA GCUIDEACHTAÍ A  
CHUR CHUN CINN

## Réamhrá

Soláthraítear sa Chaibidil seo sonraí ar na príomhstraitéisí ar thug an Oifig fúthu, agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Oifig, le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh leis na straitéisí agus na gníomhaíochtaí sin:

- forbairt foilseachán agus ábhair treorach eile;
- dul i mbun réimse gníomhaíochtaí for-rochtana lena n-áirítear cuir i láthair a dhéanamh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais (i gcás nár chuir srianta Covid-19 cosc air sin), agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí na gcuideachtaí ar réimse saincheistanna ó bhail den phobal;
- feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh; agus
- caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

### Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

#### Foilseacháin

I rith na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh 1,029 cóip fhisiciúil (2020: 1,534) d'fhoilseacháin éagsúla an OSFC, Leabhair Faisnéise agus Treoracha Tapa go príomha, chuig páirtithe leasmhara. Bhí an figiúr do 2020 níos airde mar gheall ar fheastal go pearsanta ar thrí imeacht go luath in 2020 agus sular cuireadh tús le srianta COVID-19 i Márta 2020.

#### Seimineáir agus taispeántais

Príomhghné de straitéis abhcóideachta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Is éard atá i gceist leis sin, i measc nithe eile, cur i láthair agus óráidí a thabhairt do ghrúpaí páirtithe leasmhara, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dócha go mbeidh fothacar amháin nó níos mó de lucht spéise na hOifige i measc an lucht féachana/éisteachta. Tá dailcheantair áirithe sainaitheanta ag an Oifig mar an lucht spéise a bhfuil sé dírithe orthu, lena n-áirítear:

- daoine atá ag smaoineamh ar ionchorprú nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- comhlachtaí poiblí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí;
- gairmithe a sholáthraíonn chomhairle do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachta, a bhfuil sé ar a gcumas, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh an OSFC a chur in iúl do chliaint agus ar an dóigh sin méadú suntasach a dhéanamh ar chumhacht na hOifige;
- mic léinn atá cláraithe faoi láthair i gcláir ghnó ar leibhéal fochéime agus iarchéime, agus a lán acu a bheidh ina stiúrthóirí ar chuideachtaí nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- na hearnálacha pobail agus deonacha, ar gnách, de bharr a gcineáil, mar mholadh ginearálta, nach mbíonn eolas chomh forbartha sin acu ar dhlí na gcuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnách go mbíonn treoir de dhíth orthu maidir le dlí na gcuideachtaí agus maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne foireann na hOifige 20 cur i láthair (2020: 12) do lucht éisteachta de bhreis agus 1,000 le chéile. Déileáladh i mórán de na cuir i láthair sin go sonrath le topaicí amháin ról agus dualgais stiúrthóirí cuideachta agus feidhm abhcóideachta, feidhm dócmhainneachta agus feidhm um fhorfheidhmiú an OSFC.

Go sonrath, rinne an OSFC, i gcomhar le CEPOL (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um oiliúint um fhorghníomhú an dlí), cur i láthair do bheagnach 400 duine maidir le *Coireacht Eacnamaíoch – Peirspictíocht na hÉireann*.

Tá sonraí faoi na cuir i láthair a rinneadh le linn na bliana faoi athbhreithniú leagtha amach in Aguisín 2.

Lean na srianta a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 mar chuid de fhreagairt shláinte an phobail ar Covid-19 ag dul i bhfeidhm go mór ar chlár imeachtaí OSFC 2021, agus dá réir sin ghlac an OSFC páirt in imeachtaí ó chian chun a sainordú abhcóideachta a chur chun cinn.

## Caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Lena cuspóirí reachtúla agus a spriocanna gaolmhara a chur ar aghaidh, féachann an Oifig le caidreamh láidir agus éifeachtach a fhorbairt agus a choimeád le raon príomhpháirtithe leasmhara. I dteannta leis an bpobal, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla (e.g., cuntasáiocht, iniúchadh, dlí) do chuideachtaí agus do stiúrtóirí agus oifigigh cuideachta. Tá achoimre déanta thíos ar chaidreamh na hOifige le linn na bliana le roinnt dá bpríomhpháirtithe leasmhara.

### Comhaltaí Thithe an Oireachtais

Ó am go chéile, faigheann an Oifig cumarsáidí agus uirill ó chomhaltaí an Oireachtais agus/nó ó Choistí arna mbunú ag an Oireachtas. Go hiondúil, is léiriú imní iad na cumarsáidí sin maidir le cé acu an bhfuil dlí na gcuideachtaí á sárú, an mbaineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú, agus/nó an bhfuil iarratais ar ghníomhaíochtaí áirithe le déanamh i leith daoine/eintitis áirithe. *Cé go ndéantar gach cumarsáid agus uirill dá leithéid a bhreithniú go cúramach – agus a mhéid is indéanta, go gcuirtear gach cúnaimh ar fáil do na hIonadaithe agus do na Seanadóirí – tá an OSFC neamhspleách ar an gcóras polaitíochta. Mar sin, is trí thagairt a dhéanamh do na bunfhíricí agus do na himthosca a dhéantar aon ghníomhaíochtaí a dhéanann an OSFC seachas tagairt d'fhoinsé an ghearáin.*

### An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Lean foireann na hOifige de bheith i dteagmháil le comhghleacaithe sa Roinn i rith na bliana maidir le hábhair chomhleasa.

### An Oifige um Chlárú Cuideachtaí (“OCC”)

Mar stór poiblí faisnéise faoi chuideachtaí agus oifigigh cuideachtaí, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacú leis an Oifig ina cuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile ar ábhair comhleasa, cuireann foireann an OCC fianaise ar fáil go rialta in imeachtaí an OSFC agus, nuair a shaináithnítear iad, sárúithe *prima facie* ar dhlí na gcuideachtaí.

### Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim mar chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir le cur chun cinn a cuid oibre, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le dócmhainneacht. Tá Meabhrán Tuisceana (“MT”) i bhfeidhm ag an OSFC agus ag na Coimisinéirí Ioncaim a cheadaíonn, ar bhun a reachtaíochta bunaidh faoi seach, do gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile má bhíonn siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha do shainchúram an chomhlachta eile.

### An Coimisiún Eorpach

Ghlac an OSFC páirt arís in ullmhúcháin Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh um Smacht Reachta trí fhreastal ar chruinniú déthaobhach inar pléadh ról an OSFC.

### Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (“ÚMICÉ”)

I gcomhréir le forálacha an Achta, is comhalta den ÚMICÉ é an Stiúrtóir agus tá an ceart iarmhartach aige comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrtóirí. Tá an tUasal David Hegarty ina chomhlacht de Bhord Stiúrtóirí an ÚMICÉ chomh maith le comhalta de Choiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil sin mar atá léirithe thuas, oibríonn an Oifig go rialta leis an ÚMICÉ ar ábhair comhleasa.

## Grúpa Athbheithnithe an Dlí Cuideachtaí (“GADC”)

Is comhlacht comhairleach reachtúil é GADC<sup>9</sup> don Aire maidir le hábhair a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Tá an Stiúirthóir ina bhall de GADC agus déantar ionadaíocht don OSFC ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram. Le haghaidh na bliana faoi athbheithniú:

- **Dócmhainneacht Chorparáideach**

Bhí an tUasal Conor O’Mahony agus an tUasal Hegarty ina gcomhaltaí de Choiste um Dhócmhainneacht Chorparáideach GADC, a bhfuil sé de chúram air athbheithniú a dhéanamh ar reachtaíocht i dtaca le foirceannadh cuideachtaí.

- **Rialachas Chorparáideach**

Bhí an tUasal O’Mahony ina chomhalta den Choiste um Rialachas Chorparáideach chomh maith, a bhfuil sé de chúram air athbheithniú a dhéanamh ar reachtaíocht i dtaca le saincheistanna rialachais chorparáidigh.

- **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú**

Tá an Stiúirthóir ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Chomhlíonadh agus um Fhorfheidhmiú, a bhfuil sé de chúram air scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe um chomhlíonadh agus um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí.

Bhí GADC an-ghníomhach le linn na bliana faoi athbheithniú agus d’fhoilsigh sé trí thuarascáil in 2021, ar na topaicí seo a leanas:

- Tuarascáil maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtacha reatha maidir le soláthar faisnéise a bhaineann le creidiúnaithe go ginearálta agus go háirithe le fostaithe;
- Tuarascáil ar shaincheistanna a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a thagann chun cinn faoi Threoir (AE) 2017/828 de mhí na Bealtaine 2017 (SRD II), Rialachán (AE) 909/2014 (CSDR) maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús agus Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- Tuarascáil ar iarmhairtí leachtaithe chorparáidigh agus cleachtais athstruchtúraithe áirithe, lena n-áirítear oibríochtaí corparáideacha a dheighilt ó eintitis sealbhaíochta sócmhainní i struchtúir ghrúpa.

D’fhoilsigh an Grúpa Tuarascáil roimhe seo ar struchtúr dlíthiúil chun cuideachtaí beaga a tharrtháil, rud a bhí mar thoradh air gur achtaíodh Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021 agus cuireadh tús leis i mí na Nollag 2021.

## Grúpa Athbheithnithe ar Struchtúir Frith-Chalaoise agus Frith-Éillithe

Foilsíodh an tAthbheithniú ar Struchtúir agus Straitéisí chun Coiriúlacht agus Éilliú Eacnamaíoch a Chosc, a Imscrúdú agus a Phionósú (“Tuarascáil Hamilton”) i mí na Nollag 2020.

Bhí roinnt moltaí inti a bhí dírithe go príomha ar bhearta reachtacha, struchtúracha agus foinsithe chun cur le cumas forfheidhmiúcháin gníomhaireachta agus ilghníomhaireachta agus chun cosc a chur ar chionta éillithe agus ar chionta choireacht an bhóna bháin. Ceann de na bearta sin ba ea fóram buan d’ionadaithe sinsearach a ó chomhlachtaí rialála agus forfheidhmithe ábhartha a bhunú chun comhordú, comhoibriú agus comhroinnt faisnéise idirghníomhaireachta níos fearr a éascú i measc gníomhaireachtaí oibríochtúla.

Bunaíodh an Fóram um Choireacht agus Éilliú Eacnamaíoch (“an Fóram”) i mí Iúil 2021 agus tháinig sé le chéile go minic ina dhiaidh sin chun sainordú tosaigh chun cuid de mholadh Ghrúpa Hamilton maidir le cumas na ngníomhaireachtaí a fheabhsú a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- tionscnaimh chomhpháirteacha oiliúna a fhorbairt d'imscrúdaitheoirí na coireachta eacnamaíche agus an éillithe eacnamaíoch;
- scóipeáil agus anailís a dhéanamh ar an reachtaíocht is gá chun malartú eolais agus faisnéise agus intleachta optamach a éascú idir gníomhaireachtaí imscrúdaithe; agus
- forbairt ar shíneadh cumhachtaí áirithe a thugtar faoi láthair don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim chuig gníomhaireachtaí eile a bhaineann a sainchúram le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht agus ar éilliú eacnamaíoch.

Tá Suzanne Gunn, Uasal ina cathaoirleach ar an bhFóram in 2022.

### **Banc Ceannais na hÉireann**

Tá Meabhrán Tuisceana ('MT') i bhfeidhm ag an OSFC agus ag an mBanc Ceannais a cheadaíonn, ar bhun a reachtaíochta bunaidh faoi seach, do gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile má bhíonn siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha do shainchúram an chomhlachta eile.

### **Gairm na cuntasáochta**

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasáochta maidir le cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúcháirí (a dtugtar tuilleadh eolais fúthu sa chéad Chaibidil eile) agus trí thacaíocht níos leithne na gairme do theachtaireacht um chomhlíonadh na hOifige agus í a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le bheith ag obair go dlúth leis na comhlachtaí gairmiúla cuntasáochta chun tacú leo a chinntiú go gcuirfear a gcuid ball ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus chun iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt do chliant a gcomhaltaí ag a bhfuil poist mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta. Sa chomhthéacs sin, rinne an Stiúrthóir cur i láthair don ICAI i rith na bliana agus rinne Cinn na Feidhme um Fhorfheidhmiú cur i láthair don ICAI maidir le *"An OSFC agus a ról Forfheidhmithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014"*.

### **Cumann Idirnáisiúnta na Rialaitheoirí Dócmhainneachta ("CIRD")**

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD ina dtugtar le chéile eispéiris chomhchoiteanna agus saineolas rialaitheoirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínsí ar fud an domhain. Is fóram luachmhar é an CIRD chun idirchaidreamh agus comhoibriú a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis faoi réimsí comhleasa agus an dea-chleachtas ar roinnt.

### **Pobal na Fóiréinsice Digit i bhforfheidhmiú an dlí**

Oibríonn an Speisialtóir san Fhóiréinsic Dhigiteach de chuid na hOifige go rialta lena chomhghleacaithe trí bhallraíocht de ghréasán gairmithe fóiréinsice digití a oibríonn sa réimse rialála/forfheidhmithe dlí.

### **Na meáin**

Déileálann an Oifig le líon suntasach fiosrúchán ó na meáin gach bliain de ghnáth. Cé go dtuigeann an Oifig an ról tábhachtach is féidir leis na meáin a imirt chun bonn eolais a chur faoin díospóireacht ar dhlí na gcuideachtaí, ar cheisteanna um chomhlíonadh agus rialachas go ginearálta, agus go ndéanann sí a dícheall, nuair is féidir, cuidiú leis na meáin déileáil le fiosrúcháin ginearálta, ní mór di a bheith chomh cúramach céanna freisin maidir le conas a dhéanann sé amhlaidh, i bhfianaise a dualgais reachtúil rúndachta. Ina theannta sin, tuigeann an Oifig cearta daoine aonair agus daoine eile a thagann os comhair na gCúirteanna, agus, mar sin, ní eisiúnn sí tuairiscí ar dhul chun cinn ná aon fhaisnéis eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin más rud é go bhféadfadh dochar a dhéanamh d'aon chaingne dlí amach anseo dá ndéanfaí amhlaidh.

# CAIBIDIL 3

## COMHLÍONADH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN

## Struchtúr na Caibidil seo

Sna trí Chuid seo a leanas den Chaibidil seo, sonraítear ionchuir, tréchar agus aschuir faoi seach na hOifige.

### CUID A: IONCHUIR

#### IONCHUIR SEACHTRACHA

Stiúrtar gníomhaíochtaí na hOifige agus aghaidh á tabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach go pointe an-suntasach, ar bhealach díreach agus indíreach araon, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Is é sin feidhm de bharr an mhéid seo a leanas:

- go bhfuil oibleagáidí reachtúla tuairiscithe don Oifig ag roinnt páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúcháirí, scrúdaitheoirí, agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne ina ndéantar foráil maidir le faisnéis a tharchur, nó atá rúnda ar shlí eile, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin i gcás ina meastar an faisnéis sin a bheith ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, ba iad seo a leanas na príomh-ionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha i rith na bliana:

**Tábla 5 Ionchuir ó fhoinsí seachtracha**

|  | 2021         | %           | 2020       | %           |
|--|--------------|-------------|------------|-------------|
| <b>Tuairiscí reachtúla</b>   |              |             |            |             |
| Tuairiscí leachtaitheoirí (tosaigh) (a682)                                       | 399          |             | 426        |             |
| Tuairiscí leachtaitheoirí (dá éis) (a682)  | 269          |             | 243        |             |
| <b>Iomlán tuairiscí na leachtaitheoirí (a682)</b>                                | <b>668</b>   | <b>64</b>   | <b>669</b> | <b>72</b>   |
| <b>Atreoruithe</b>   |              |             |            |             |
| Atreoruithe ó pháirtithe seachtracha   | 17           | 2           | 10         | 1           |
| <b>Gearáin</b>   |              |             |            |             |
| Gearán ó bhaill den phobal   | 201          | 19          | 149        | 16          |
| <b>Eile</b>  |              |             |            |             |
| Nochtach faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 <sup>10</sup>                       | 2            | 0           | 1          | 0           |
| Iarratais ina n-iarrtar athrú ar dheireadh na bliana cuntasáiochta <sup>11</sup> | 9            | 1           | 5          | 1           |
| <b>Iomlán na n-ionchur ó fhoinsí seachtracha</b>                                 | <b>1,039</b> | <b>100%</b> | <b>924</b> | <b>100%</b> |

10 Tá an faisnéis a gceanglaítear an Oifig í a fhoilsiú de bhun alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 leagtha amach níos déanaí sa Chaibidil seo faoin teideal Aschuir.

11 Alt 288(10)(c)



Tugtar eolas mionsonraithe thíos ar na príomhfhoinsí seachtracha ionchur lenar spreagadh gníomhaíochtaí na hOifige i rith na bliana faoi athbhreithniú.

## Tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682

### Réamhrá – Forléargas an gcóras tuairiscithe leachtaitheoirí

Go hachomair, ceanglaítear de réir dlí ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi<sup>12</sup> leachtú dócmhainneach<sup>13</sup> tuairisc a thabhairt don Oifig ar na himthosca ba chúis le mainneachtain na cuideachta agus ar iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh freisin agus iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte ar an srianadh<sup>14</sup> maidir le duine de na stiúrthóirí, mura scaoileann an Oifig an dualgas sin<sup>15</sup>.

Is iad seo a leanas bunaidhmeanna an chórais tuairiscithe reachtúil:

- cosaint éigin a thabhairt don phobal trína chinntiú nach bhféadfaidh daoine ar chinn an Ard-Chúirt nár ghníomhaigh siad go hionraic agus/nó go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú dócmhainneach, maidir leis an tréimhse éigeantach cúig bliana sriantachta, gníomhú ach mar stiúrthóir ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais maidir le caipitliú amháin; agus
- a chinntiú go bhféadfaidh daoine a meastar gur ghníomhaigh siad go hionraic agus go freagrach, sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, leanúint de bheith ag gabháil do ghníomhaíocht fiontraíochta trí mheán cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan aon smachtbhanna nó pionós.

Agus a ról á chomhlíonadh ag an Oifig seo maidir leis sin, tá sí ag súil go soláthróidh leachtaitheoirí an fhaisnéis go léir di atá ábhartha chun cinneadh cuí a dhéanamh. Féachann an Oifig go leanúnach lena chinntiú go ndéanfaidh leachtaitheoirí moltaí bunaithe ar fhianaise maidir le faoiseamh/gan faoiseamh faoi threoir thorthaí a gcuid imscrúduithe.

Breithníonn an Oifig faoiseamh a dheonú i gcás go gcuireann leachtaitheoir údar fianaisebhunaithe chun cinn mar thaca le héileamh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á stiúradh aige nó aici. Agus cinntí á ndéanamh ag an Oifig, is mian léi a chinntiú nach mbeidh ualach éisteachta Ard-Chúirte gan ghá ar aon stiúrthóir i gcás gur léirigh sé nó sí go soiléir iompar ionraic agus freagrach i seoladh gnóthaí an fhiontair ar theip air. I ngníomh, baineann an Oifig an gá atá le breithniú ag an Ard-Chúirt ar na cásanna sin ar dócha nach gá a haird a dhíriú orthu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach ionann cinntí an OSFC maidir le ‘gan faoiseamh’ nó ‘faoiseamh páirteach’ agus cinneadh mí-ionracais nó mífhreagrachta i leith na stiúrthóirí lena mbaineann, agus go mbeadh sé míchuí teacht ar aon tátal nó líomhain den sórt sin. Is faoin Ard-Chúirt amháin atá sé (i ndiaidh di éisteacht le haighneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach) a chinneadh ar cheart Dearbhú Sriantachta a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta ar leith.

12 23 Tá cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sé ábalta a cuid fiachas a ioc de réir mar atá siad dlite

13 Alt 682 d’Acht na gCuideachtaí 2014

14 I gcás gobhfuilsrianardhuine faoi alt 819 d’Acht na gCuideachtaí 2014, ní féadfaidh sé/sí feidhmiú mar stiúrthóir nó mar rúnaí cuideachta ach ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais maidir le caipitliú. I gcás cuideachta phoiblí teoranta teastaíonn íosmhéid scairchaipiteal glaoite de €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is ionann an figiúr comhfhreagrach agus €100,000.

15 Leagtar amach próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí i dtrí phríomhfhoilseachán de chuid an OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna fhorlónadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus le Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag [www.odce.ie](http://www.odce.ie)

## Gealltanais Srianachta agus Dícháiliúcháin

D'fhéadfadh sé nach mbeadh ar dhaoine aonair a bhféadfadh imeachtaí Cúirte a bheith rompu seachas sin freastal ar an gCúirt trí aontú go deonach le srianadh nó dícháiliú, de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanais atá ceangailteach de réir dlí chuige sin a sholáthar) (an “Gealltanais”).

Déantar soláthar san Acht do rogha don OSFC maidir le gealltanais a thairiscint. Ní mór gealltanais a thairiscint ar an bhfoirm fhorordaithe, a bhfuil a leagan amach agus a hábhar sonraithe le hIonstraim Reachtuil agus tugtar “Fógra” air. Ní mór achoimre a leagan amach san Fhógra, *inter alia*, ar na himthosca, ar na fíricí agus ar na líomhaintí lena mbunaítear na forais le srianadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi éifeachtaí dlíthiúla Gealltanais don duine lena mbaineann.

Níl aon oibleagáid ar fhaighteoir Fógra glacadh leis an tairiscint (i.e. an Gealltanais a sholáthar). I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir glacadh leis an tairiscint, áfach, ní mór dó nó di é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de pé tréimhse níos faide a cheadóidh an OSFC). Le linn thréimhse na tairisceana seo, ní fhéadfaidh an OSFC ná aon duine eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh chun faighteoir an Fhógra a shrianadh nó a dhícháiliú de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

I gcás go gcinneann faighteoir Fógra glacadh leis an tairiscint agus Foirm um Ghlacadh le Gealltanais arna síniú go cuí a sheoladh ar ais, beidh sé nó sí faoi réir Dearbhú/Ordú Srianachta nó Dícháiliúcháin ar an mbonn céanna amhail is dá mbeadh srian nó dícháiliú forchurtha ag an Ard-Chúirt. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí na srianachta nó an dícháiliúcháin ina chion coiriúil<sup>16</sup> agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú a fhorchuirfeadh an Chúirt.

In ainneoin go bhféadfaidh stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais a sholáthar go deonach, is féidir leo, mar sin féin, iarratas a chur faoi bhráid Cúirte go fóill – tráth ar bith le linn na srianachta nó an dícháiliúcháin – chun faoiseamh a iarraidh, go hiomlán nó go páirteach, ó théarmaí na srianachta nó an dícháiliúcháin. Cé go mbreithneoidh an OSFC aon iarratais den sórt sin de réir an cháis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí ar leith, ag féachaint don ghá atá le seasamh le sláine an phróisis, cuirfidh an OSFC, mar sheasamh ginearálta beartais, i gcoinne iarratais den tsórt sin i bhformhór na gcásanna.

Maidir le dícháiliú, foráiltear sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an fad uasta dícháiliúcháin is féidir leis an OSFC a thairiscint trí Ghealltanais. Dá bhrí sin, i gcúinsí go gceapann an OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin sa bhreis ar chúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus imthosca ar leith gach cáis, cásanna inchomparáide roimhe sin, agus aon chásdlí ábhartha), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, déileálfar leis an ábhar trí iarratas chuig an Ard-Chúirt.

Cinntíonn an creat gealltanais go ndéileálfar le stiúrthóirí cuideachta, a bhfaightear go bhfuil an tAcht á sárú acu agus a bhfuil imeachtaí srianachta nó dícháiliúcháin rompu, ar bhealach riaracháin éifeachtach agus éifeachtúil gan gá le rannpháirtíocht na gCúirteanna. I ndiaidh don OSFC an próiseas gealltanais a chur chun feidhme, glacadh le 636<sup>17</sup> gealltanais san iomlán maidir le srianta agus dícháiliú suas go dtí an 31 Nollaig 2021. Cé go bhfuil ualach suntasach breise riaracháin ar an OSFC mar gheall as an bpróiseas sin, tá coigilteas suntasach costais agus ama do na leachtaitheoirí agus stiúrthóirí cuideachta, agus do chóras na gCúirteanna freisin mar thoradh air.

16 Alt 855 agus 859 d'Acht na gCuideachtaí 2014

17 Cuimsítear ann 518 Gealltanais Srianachta, 30 Gealltanais Dícháiliúcháin agus 88 Gealltanais Dícháiliúcháin a rinne stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte.

## Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Mar is féidir a fheiceáil ón Tábla thíos:

- b'ionann líon iomlán na gcásanna leachtaithe dhócmhainnigh (i.e. leachtú creidiúnaithe agus cúirte le chéile) a fógraíodh faoi dheireadh na bliana, ag 302, agus laghdú 39% ar 2020, agus
- tháinig méadú 4% ar leibhéal 2020 ar an leachtú sócmhainneach, arbh ionann é sin agus 83% den leachtú go léir.

**Tábla 6 Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2015 - 2021**

|  | 2015         | 2016         | 2017         | 2018         | 2019         | 2020         | 2021         |
|--|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
| Leachtú creidiúnaithe                                      | 746          | 581          | 613          | 475          | 474          | 443          | 253          |
| Leachtú Cúirte   | 70           | 61           | 63           | 59           | 62           | 49           | 49           |
| Iomlán chásanna an leachtaithe dhócmhainnigh               | 816          | 642          | 676          | 534          | 536          | 492          | 302          |
| Leachtú na gcomhlachtaí                                    | 1,034        | 1,112        | 1,040        | 1,269        | 1,474        | 1,397        | 1,455        |
| Iomlán na gcásanna leachtaithe shócmhainnigh <sup>18</sup> | 1,034        | 1,112        | 1,040        | 1,269        | 1,474        | 1,397        | 1,455        |
| <b>Iomlán na gcásanna leachtaithe</b>                      | <b>1,850</b> | <b>1,754</b> | <b>1,716</b> | <b>1,803</b> | <b>2,010</b> | <b>1,889</b> | <b>1,757</b> |

## Tuairiscí leachtaitheoirí faoi a682 a fuarthas – 2021

Mar is féidir a fheiceáil i dTábla 5, fuarthas 668 tuairisc leachtaitheoirí faoi alt 682 i rith na bliana (2020: 669) a raibh:

- 399 ceann díobh ina dtuairiscí tosaigh<sup>19</sup> (2020: 426); agus
- 269 ceann díobh ina dtuairiscí dá éis<sup>20</sup> (2020: 243); agus

Soláthraítear sa Tábla thíos sonraí maidir le dáileadh earnála na gcuideachtaí a bhfuarthas tuairiscí tosaigh leachtaitheoirí ina leith i rith na bliana.

18 Cé nach bhfuil aon ról ag an Oifig i leachtú sócmhainneach (i.e. na comhaltaí), tá sonraí ina leith sin curtha san áireamh ar mhaithe le hiomláine.

19 Is éard atá i gceist i dtuairisc tosaigh ná an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí tar éis a cheaptha/ceaptha. I dtromlach na gcásanna, déantar an cinneadh maidir le faoiseamh a dheonú ar bhonn na tuairisce sin.

20 I roinnt cásanna teastaíonn tuarascáil ina dhiaidh sin a fháil Ón leachtaitheoir nuair a bhíonn a imscrúduithe/himscrúduithe curtha ar aghaidh níos faide. I gcúinsí ina meastar go bhfuil tuairisc dá éis riachtanach, tugtar 'faoiseamh ag an am seo' i leith na tuairisce tosaigh de ghnáth.

**Tábla 7 Anailís earnálach ar thuiriscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí a fuarthas - 2021**

| Earnáil                              | 2021       |            | 2020       |            |
|--------------------------------------|------------|------------|------------|------------|
|                                      | Líon       | %          | Líon       | %          |
| Mórdhíol & Miondhíol                 | 140        | 35         | 168        | 39         |
| Tógáil                               | 40         | 10         | 56         | 13         |
| Comhphobal, Sóisialta & Eile         | 37         | 9          | 32         | 8          |
| Monaraíocht & Priontáil              | 28         | 7          | 22         | 5          |
| Óstáin, Beáir & Lónadóireacht        | 56         | 14         | 66         | 15         |
| Margaíocht & Cur chun cinn           | 2          | 1          | 2          | 1          |
| Eastát Réada agus Ligean ar Cíos     | 36         | 9          | 13         | 3          |
| Teicneolaíocht agus Teileachumarsáid | 8          | 2          | 20         | 5          |
| Airgeadas agus Léasú                 | 33         | 8          | 26         | 6          |
| Iompar agus Dáileadh                 | 8          | 2          | 11         | 3          |
| Talmhaíocht, Mianadóireacht & Muirí  | 3          | 1          | 4          | 1          |
| Seirbhísí Earcaíochta agus Slándála  | 8          | 2          | 6          | 1          |
| <b>Iomlán</b>                        | <b>399</b> | <b>100</b> | <b>426</b> | <b>100</b> |

### Tráthúlacht thuiriscí na leachtaitheoirí

Ag deireadh na bliana, bhí 92% de na chéad tuairiscí a bhí dlite le linn na bliana faighte, agus ní raibh ach 33 tuairisc amuigh. Tá leibhéal teipe na leachtaitheoirí maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh íseal agus, nuair is cuí, d'fhéadfadh gníomh forfheidhmithe suas go dtí ionchúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh a bheith mar thoradh ar shárúithe leanúnacha ar oibleagáidí reachtúla.

### Caighdeán thuiriscí na leachtaitheoirí

Mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo, measadh go raibh caighdeán thuiriscí na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana sásúil ar an iomlán. I líon beag cásanna, áfach, ní raibh cáilíocht an tuairiscithe den chaighdeán riachtanach. Nuair a thagann sé sin chun cinn, déileáiltear leis trí rannpháirtíocht leis na cleachtóirí ábhartha. Baill de Chomhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe is ea formhór na ndaoine a ghníomhaíonn mar leachtaitheoirí agus, mar sin, tá siad faoi réir mhairseacht ag a gcomhlachtaí gairmiúla.

### Cáilíocht le haghaidh ceapacháin mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir

Le halt 633 den Acht tugadh isteach rialacha maidir le cáilíocht chun gníomhú mar leachtaitheoir. Sainítear cúig chatagóir daoine aonair san Acht atá i dteideal gníomhú mar leachtaitheoirí. Is iad sin:

- i. baill de Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe a bhfuil deimhniú cleachtaidh acu;
- ii. aturnaetha a bhfuil deimhniú cleachtaidh acu;
- iii. baill aon chomhlachtaí gairmiúla eile atá aitheanta chun na críche sin ag ÚMICÉ (níl aon cheann faoi láthair);
- iv. daoine atá cáilithe chun gníomhú mar leachtaitheoir i stát LEE<sup>21</sup> eile; agus
- v. daoine ag a raibh taithí phraiticiúil maidir le foirceannadh agus eolas ar an dlí ábhartha roimh thosach feidhme an Achta<sup>22</sup>.

Le cois na gceanglas cáilíochta a fhorordaítear in alt 633, foráiltear in alt 634 nach mór árachas slánaíochta gairmiúil (“ÁSG”) imleor a bheith ag gach leachtaitheoir. D'eisigh ÚMICÉ Rialacháin lena leagtar síos an leibhéal

21 29 An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach

22 Ceanglaíodh iarratais ar údarú faoi (v) thuas a bheith curtha faoi bhráid ÚMICÉ faoin 1 Nollaig 2017. D'údaradh an ÚMICÉ 22 duine aonair ar an iomlán faoin gcatagóir seo.

riachtanach ÁSG. Tá na Rialacháin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ<sup>23</sup>. Foráiltear i bhforáil ghaolmhar, alt 519 den Acht, nach féidir le duine gníomhú mar scrúdaitheoir ach má tá sé nó sí cáilithe chun gníomhú mar leachtaitheoir amháin. Mar an gcéanna, faoi Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021, ar cuireadh tús leis i mí na Nollag 2021, ní fhéadfaidh duine gníomhú mar chomhairleoir próiseas i leith cuideachta incháilithe mura bhfuil an duine cáilithe faoi alt 633 lena cheapadh mar leachtaitheoir de chuid na cuideachta incháilithe<sup>24</sup>.

### Dáileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile (i.e. ionchuir sheachtracha seachas tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682)

Mar is féidir a fheiceáil i dTábla 5, b'ionann na hionchuir sheachtracha sin le chéile seachas tuairiscí na leachtaitheoirí faoi alt 682 agus 36% (2020: 28%) de na hionchuir sheachtracha iomlána a fuarthas le linn na bliana. Tugtar anailís sa Tábla thíos ar dháileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile sin.

**Tábla 8 Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí**

| Earnáil                                | 2021       | %           | 2020       | %           |
|--|------------|-------------|------------|-------------|
| Eastát réada agus ligean ar cíós       | 65         | 18          | 41         | 16          |
| Ní cuideachta é                        | 112        | 30          | 36         | 14          |
| Airgeadas & léasú                      | 33         | 9           | 40         | 16          |
| Mórdhíol & miondíol                    | 7          | 2           | 7          | 3           |
| Tógáil                                 | 8          | 2           | 10         | 4           |
| Margaíocht & cur chun cinn             | 0          | 0           | 2          | 1           |
| Teicneolaíocht agus teileachumarsáid   | 10         | 3           | 18         | 7           |
| Monaraíocht & priontáil                | 37         | 10          | 14         | 5           |
| Comhphobal, sóisialta & eile           | 21         | 6           | 29         | 11          |
| Árachas, sláinte agus obair shóisialta | 7          | 2           | 7          | 3           |
| Óstáin, beáir & lónadóireacht          | 6          | 1           | 16         | 6           |
| Iompar agus dáileadh                   | 14         | 4           | 7          | 3           |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & muirí    | 2          | 1           | 8          | 3           |
| Seirbhísí earcaíochta agus slándála    | 1          | 0           | 4          | 2           |
| Gníomhaíochtaí bainistíochta           | 27         | 7           | 0          | 0           |
| Tuairisc faoi alt 723                  | 1          | 0           | 0          | 0           |
| Earnálacha gnó eile                    | 20         | 5           | 16         | 6           |
| <b>Iomlán</b>                          | <b>371</b> | <b>100%</b> | <b>255</b> | <b>100%</b> |

### Gearáin

Faigheann an Oifig líon suntasach gearán gach bliain ó bhaill den phobal. Le linn na bliana faoi athbhreithniú fuarthas 201 gearán ar an iomlán (2020: 149), arbh ionann é sin agus 19% (2020: 16%) de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Tugtar anailís sa Tábla thíos ar ábhar na ngearán a fuarthas.

23 <http://iaasa.ie/getmedia/1a9c9ab1-994e-4491-8f6c-6d8a40d27f64/S-I-No-127-of-2016.pdf>

24 Cuid 558ZP den Acht.

**Tábla 9 Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)**

|  | 2021       | %          | 2020       | %          |
|--|------------|------------|------------|------------|
| Bainteach le Cruinniú Ginearálta Bliantúil/Urghnách                              | 30         | 15         | 22         | 15         |
| Iompar stiúrthóirí (freagrachtaí & comhdú)                                       | 25         | 12         | 20         | 13         |
| Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/chalaoiseach/dhócmhainneach              | 21         | 10         | 24         | 16         |
| Líomhaintí maidir le brionnú/faisnéis bhréagach a thabhairt/doiciméid fhalsaithe | 15         | 7          | 15         | 10         |
| Maidir le ceist fiach gan íoc  | 7          | 3          | 9          | 6          |
| Rochtain ar thaifid chuntasaíochta/mhiontuairiscí cruinnithe                     | 9          | 4          | 2          | 1          |
| Bainteach le clár comhaltaí  | 11         | 5          | 11         | 8          |
| Bainteach le hiniúcháireacht/iniúcháir   | 13         | 7          | 9          | 6          |
| Bainteach le glacadóireacht  | 3          | 2          | 2          | 1          |
| Saincheisteanna maidir le seoltaí  | 17         | 9          | 13         | 9          |
| Saincheisteanna ginearálta maidir le cearta scairshealbhoirí                     | 12         | 6          | 3          | 2          |
| Gníomhú mar stiúrthóir agus é nó í féimheach/srianta/dícháilithe                 | 0          | 0          | 0          | 0          |
| Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte den Chlár/díscaoilte                      | 3          | 2          | 3          | 2          |
| Bainteach le húsáid mhíchuí an fhocail “Teoranta”                                | 0          | 0          | 1          | 1          |
| Gníomhaíocht leachtaithe/athchuideachta  | 13         | 7          | 12         | 8          |
| Eile   | 22         | 11         | 3          | 2          |
| <b>Iomlán</b>  | <b>201</b> | <b>100</b> | <b>149</b> | <b>100</b> |

## Tuairiscí maidir le cionta indíotáilte iniúcháirí

### Réamhrá – Forléargas an gcóras tuairiscithe iniúcháirí

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, i gcás, le linn agus de bhua iniúchadh a dhéanamh, go dtiocfadh faisnéis i seilbh iniúcháirí cuideachta lena dtiocfadh siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh sé go ndearna an chuideachta nó oifigeach nó gníomhaire de chuid na cuideachta cion indíotáilte faoin Acht, ceanglaítear ar na hiniúcháirí an tuairim sin a thuairisciú don OSFC.

### Cineál cionta amhrasta arna dtuairisciú

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuarthas 131 tuairisc maidir le cion indíotáilte (2020: 75) ó iniúcháirí. Tugtar anailís sa Tábla thíos ar chineál na gcionta amhrasta ar tugadh fógra ina leith sna tuarascálacha sin. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtagann líon na dtuairiscí a fuarthas go beacht le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc, i roinnt cásanna, go raibh tagairt sna tuairiscí a fuarthas do níos mó ná cion amhrasta amháin.

**Tábla 10 Anailís ar chionta indíotáilte a rabhtas in amhras orthu a thuairiscigh iniúcháirí**

|   | 2021       | %           | 2020      | %           |
|---|------------|-------------|-----------|-------------|
| Sárúithe ar iasachtaí stiúrthóirí                     | 15         | 12          | 17        | 23          |
| Mainneachtain taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil | 12         | 9           | 4         | 5           |
| Soláthar ráiteas bréagach d'iniúcháirí                | 1          | 1           | 1         | 1           |
| Ní raibh díolúine ó iniúchadh ar fáil                 | 0          | 0           | 3         | 4           |
| Síniú na ráiteas airgeadais                           | 1          | 1           | 0         | 0           |
| Oibleagáid ráitis airgeadais an ghrúpa a ullmhú       | 4          | 3           | 2         | 3           |
| Ráitis airgeadais eintiteas                           | 91         | 69          | 45        | 60          |
| Falsú leabhar nó doiciméad                            | 7          | 5           | 3         | 4           |
| <b>Iomlán</b>   | <b>131</b> | <b>100%</b> | <b>75</b> | <b>100%</b> |

## Tuairiscí ó Scrúdaitheoirí

De bhun alt 534(6) den Acht, i gcás ina gceaptar scrúdaitheoir do chuideachta, déanfaidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh tuairisc a ullmhú, cóip den tuairisc a sholáthar don OSFC. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuarthas 10 dtuairisc dá leithéid (2020:15) ó iniúcháirí.

### Atreoruithe

Mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a cheadaíonn malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus srianta cuí. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig atreoruithe ó chomhlachtaí agus ó eintitis reachtúla eile ó am go chéile. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 17 (2020: 10) n-atreorú dá leithéid ó fhoinsí éagsúla.

## Tuairiscí maidir le cionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla

### Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (“CCAnna”)<sup>25</sup>

I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA lena chreidiúint go bhféadfadh sé go ndearna duine cion indíotáilte faoin Acht le linn don duine sin a bheith ina chomhalta den CCA, ceanglaítear ar an CCA an t-ábhar a thuairisciú don Oifig<sup>26</sup>.

### Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFGnna”)

I gcás go gcinneann Coiste nó Binse Araíonachta CGF nach bhfuil taifid chúí coinnithe ag comhalta a bhíonn i mbun scrúdaitheoireachta nó glacadóireachta nó go bhfuil forais réasúnacha aige lena chreidiúint go ndearna an comhalta cion indíotáilte faoin Acht le linn scrúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar CGF lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig.

Meastar amhlaidh maidir le comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe de bhua aitheantas ÚMICÉ orthu de réir Chuid 15 den Acht.

Tagraíonn ‘*comhlacht gairmiúil forordaithe*’ i ndáil le hait 488, 558, agus 688 do Choiste nó do Bhinse Araíonachta de chuid comhlachta ghairmiúil Forordaithe a bhaineann le halt 633 (lena socraítear cáilíochtaí chun scrúdaitheoirí agus glacadóirí a cheapadh).

Is na comhlachtaí:

- CCDC - Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
- CCI - Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB - Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC - Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta
- ICCÉ - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICDPÉ - Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn
- Dlí-Chumann na hÉireann

25 Is ionann CCA agus comhlacht cuntasaíochta a bhfuil cead aige a chomhaltaí agus a bhallghnóthais a údarú, faoi réir critéir áirithe a bheith comhlíonta ag na comhaltaí sin, gníomhú mar iniúcháirí reachtúla agus mar ghnóthais iniúcháireachta faoi seach. Tá trí CCA ann, m.s.:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)

26 Cuid 931(4) den Acht

S.I. Uimh. 570 Rialacháin 2018 fán Acht na gCuideachtaí 2014 (Comhlachtaí Gairmiúla Forordaithe) 2018 comhlachtaí gairmiúla de bhun ailt 448 agus 558 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Clúdaítear sna rialacháin na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar chomhlachtaí gairmiúla nuair a bhraitheann siad mí-iompar arna dhéanamh ag a gcomhaltaí agus iad ag gníomhú mar Ghlacadóirí nó mar Scrúdaitheoirí. Ní bhfuarthas aon tuairiscí den sórt sin ó CGFanna i rith na bliana (2020:0).

### Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraíonn sé go raibh aon iar-oifigeach nó oifigeach reatha de chuid na cuideachta lena mbaineann ciontach in aon chion i ndáil leis an gcuideachta, tuairisc a thabhairt don SIP agus an cheist a chur faoi bhráid an OSFC chomh maith. Clúdaítear san oibleagáid tuairiscithe sin gach leachtú, idir shócmhainneach agus dócmhainneach (i.e., leachtú deonach Comhaltaí agus Creidiúnaithe agus leachtú Cúirte) araon. Fuair an Oifig tuairisc amháin den tsórt sin i rith na bliana (2020:0).

### Nochtach faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014<sup>27</sup>

Foráiltear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go n-ullmhóidh agus go bhfoilseoidh gach comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuairisc maidir leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm a fhágann nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa tuairisc thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a rinneadh leis an gcomhlacht poiblí;
- ii. an beart (más ann dó) a rinneadh mar fhreagra ar an nochtadh cosanta sin; agus
- iii. pé faisnéis eile a bhaineann leis an nochtadh cosanta sin agus an beart a rinneadh a iarrfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile.

Tá tuairisc na hOifige faoi alt 22 leagtha amach in Aguisín 3 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

## IONCHUIR INMHEÁNACHA

### Réamhrá

Osclaítear formhór na gcáschomhad a osclaítear san Oifig mar fhreagra ar rud ar a dtugtar “*ionchuir sheachtracha*”, m.s. tuairiscí iniúchóirí, tuairiscí leachtaitheoirí, gearáin ón bpobal, srl. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, cruthaíonn an Oifig rud ar a dtugtar “*ionchuir inmheánacha*” trí chur chuige réamhghníomhach i leith fhorfheidhmiú an Achta.

Athraíonn cineál agus comhdhéanamh na n-ionchuir inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí sonracha comhlíonta agus/nó forfheidhmiúcháin na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar thimthriall ar leith;
- saincheisteanna téamacha agus/nó aonuaire a thagann chun cinn; agus
- fíricí agus imthosca ábhartha eile.

Mar sin, is féidir le hionchuir inmheánacha raon leathan de cheannteidil forfheidhmithe a chlúdach. Áirítear ar shamplaí léiriúcháin tá:

- gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chohóirt áirithe daoine, e.g., daoine atá ina bhféimhigh neamhscaoilte, atá srianta nó atá dícháilithe;

27 Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag [Achtanna Athbhreithnithe \(lawreform.ie\)](http://Achtanna.Athbhreithnithe.lawreform.ie)



- tús a chur le fiosrúcháin sibhialta nó choiriúla as a stuaim féin;
- gníomhaíochtaí i leith cuideachtaí dócmhainneacha díscailte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht/iompar leachtaitheora.

## Gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chohóirt áirithe daoine

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go bhféadfadh sé go daoine a bhí ina bhféimhigh neamhscaoilte, a bhí dícháilithe nó a bhí srianta ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta nó i ról shonraithe eile (e.g., amhail iniúcháirí) agus gan cead acu é sin a dhéanamh (nó, i gcás daoine srianta, faoi réir coinníollacht áirithe amháin).

## Imscrúduithe a chuir sí tús leo as a stuaim féin

Mar a léiríodh thuas, cuireann an Oifig tús le fiosrúcháin agus imscrúduithe sibhialta agus coiriúla as a stuaim féin i gcás ina meastar gur gá nó gur cuí é sin ar chuma eile agus aird á tabhairt ar na bunfhíricí agus ar na himthosca. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith i gceist leis na spreagthaí do gníomhaíochtaí den sórt sin:

- saincheisteanna a sainithníodh go himheánach;
- saincheisteanna a atreoraítear go himheánach (m.s., idir Aonaid);
- saincheisteanna a sainithníodh de bhun athbhreithnithe ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- saincheisteanna a sainithníodh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhlíthíocht; agus
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairiscí na bpáipéar, an idirlíon, na meáin shóisialta srl.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunúsacha, is féidir na fiosrúcháin agus na himscrúduithe sin a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe do na Gardaí atá ar iasacht don Oifig de bhua go bhfuil na hoifigigh sin ina gcomhaltaí den Gharda Síochána.

## Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte

Déanann an Oifig na cuideachtaí seo a leanas a thréithriú mar *“cuideachtaí dócmhainneacha díscailte”*:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár mar gheall ar mhainneachtain a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- ar an dáta ar baineadh den chlár iad, go raibh dlíteanais acu, bídis ina ndlíteanais iarbhír, theagmhasacha nó ionchasacha.

Féadfaidh an Oifig iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a baineadh den chlár a dhícháiliú<sup>28</sup>. Foráiltear i ndlí na gcuideachtaí<sup>29</sup> freisin, áfach, nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dlíteanais ag an gcuideachta nuair baineadh den Chlár nó go raibh na dlíteanais sin scaoilte sular dtionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú. Agus an smachtbhanna a fhorchuirfear á

---

28 Alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014

29 Alt 843(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina ionad sin<sup>30</sup> an stiúrthóir (na stiúrthóirí) a shrianadh i gcás ina mbreithníonn sí nach bhfuil údar le dícháiliú faoi na himthosca ar leith<sup>31</sup>.

I gcás go bhfuil fianaise ann lena dtugtar le tuiscint go raibh cuideachta dócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas na hOifige smaoinemh ar dhícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Is é is cúis leis sin, trí chead a thabhairt an chuideachta a bhaint den Chlár, go seachnaíonn na stiúrthóirí deireadh a chur leis an gcuideachta ar fad ar an mbealach cuí, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta go ndéanfaí grinnscrúdú ar a n-iompar dá bhforáiltear le halt 682 den Acht.

I gcás go bhfeictear don Oifig go bhfuil an baol ann go ndéanfar stiúrthóir a dhícháiliú sna cúinsí sin, féadfaidh sí an deis a thabhairt don duine lena mbaineann Gealltanas Dícháiliúcháin a chur isteach go deonach. I gcomhthéacs an mhéid sin thuas, is fiú a thabhairt faoi deara freisin, i gcás gur baineadh cuideachta den Chlár, go ndílseofar a sócmhainní atá fágtha don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

Le linn 2021, d'aithin agus scrúdaigh an Oifig 22 cuideachta lenár bhain stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh den Chlár agus a raibh dlíteanais shuntasacha amuigh acu. Mar thoradh ar an scrúdú a rinneadh ar na cuideachtaí sin, mar aon leis an scrúdú ar 30 cuideachta ghaolmhar eile, dícháilíodh 23 stiúrthóir. Tháinig an dícháiliú sin ar fad chun cinn de bhun na nGealltanas Dícháiliúcháin a tugadh de bhun alt 851 den Acht. Féach Agusín 5 le haghaidh sonraí na stiúrthóirí a dícháilíodh le linn 2021. Chomh maith leis sin, cuireadh trí cuideachta ar ais ar an gClár d'fhonn aon fhiacha ábhartha gan íoc a chomhlíonadh.

## Gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht/iompar leachtaitheora

Ceann d'fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra is ea:

*“...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid a cheapann an Stiúrthóir gur gá nó gur cuí sin, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí maidir lena bhfeidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh”<sup>32</sup>.*

Cé go soláthraítear bealach don Oifig leis an bpróiseas tuairiscithe leachtaitheoirí faoi alt 682, mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, chun maoirseacht a dhéanamh go hindíreach ar ghnéithe áirithe d'obair leachtaitheoirí, measann an Oifig ó am go ham go bhfuil sé iomchuí nó riachtanach ar chuma eile maoirseacht níos díre a dhéanamh ar leachtaitheoirí ar obair leachtaitheoirí. Déantar an mhaoirseacht níos díre sin trí fheidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le halt 653 den Acht<sup>33</sup>.

Foráiltear in alt 653 den Acht go bhféadfaidh an Stiúrthóir:

- as a stuaim féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí de chuid cuideachta, a iarraidh go soláthrófar leabhair leachtaitheora lena scrúdú – i ndáil le próiseas leachtaithe ar leith, nó maidir le gach leachtú a dhéanann an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar aon cheisteanna a bhaineann le hábhar na leabhar sin a iarraidh, agus gach cúnaimh den sórt sin is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt le réasún a iarraidh.

30 Alt 819 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

31 Alt 845(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

32 Alt 949(1)(e) d'Acht na gCuideachtaí 2014

33 Cuimsítear in alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí

Gabhann coimircí agus teorainneacha áirithe leis na cumhachtaí a thugtar don Stiúrtóir le halt 653, m.s.:

- ní mór don Oifig an leachtaitheoir is freagróir a chur ar an eolas faoin gcúis/na cúiseanna go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus
- ní féidir iarratas a dhéanamh i leith leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh i gcrích níos mó ná sé bliana roimh an iarratas.

## Candam na n-ionchur inmheánach – 2021

Le linn 2021, gineadh 55<sup>34</sup> (2020:23) ionchur inmheánach san iomlán.

## CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, is é an toradh ar ionchuir, beag beann an bhfuil siad ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha, go n-osclaítear cáschomhad. I gcás tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682, is gnách go dtagann cásanna chun críche nuair a chinntear cé acu an dtabharfar faoiseamh nó nach dtabharfar faoiseamh don leachtaitheoir ón oibleagáid srianadh/dícháiliú stiúrtóirí na cuideachta a lorg agus, i gcás ina ndeonaítear faoiseamh, déantar an comhad a dhúnadh de ghnáth.

I gcás nach ndeonaítear faoiseamh, nó mura ndeonaítear é ach go páirteach (i.e., i leith cuid de na stiúrtóirí, ach ní na stiúrtóirí go léir), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrtóir (na stiúrtóirí) ábhartha gealltanais sriantachta (nó dícháiliú, más infheidhme) a dhéanamh. Mura nglacfar le tairiscint an ghealltanais (nó mura bhfuil an cás ina chás, i measúnú na hOifige, nach bhfuil tairiscint an ghealltanais oiriúnach), beidh ar an leachtaitheoir iarratas Cúirte a dhéanamh. Déanann an Oifig monatóireacht ar dhul chun cinn na gCúirteanna maidir leis na himeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin ábhartha agus déantar an toradh a thaifeadadh nuair a chinntear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú freisin, áfach, ar chásanna ó am go chéile ina dtarraingítear a haird ar ábhar imní, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach leachtú a thabhairt chun críche laistigh d’achar ama réasúnta.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúchóirí, gearáin phoiblí, nochtuithe cosanta, atreoruithe srl., osclaítear comhad agus scrúdaítear an t-ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an bhfuil an t-ábhar ina ábhar a thagann faoi shainchúram na hOifige. Ina dhiaidh sin, cuirtear cásanna ar aghaidh ar an mbonn a mheastar is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, agus áirítear an méid seo a leanas leis na modhanna forchéimnithe, mar shampla:

- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
  - » cuideachtaí agus a stiúrtóirí chun miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a sholáthar;
  - » cuideachtaí agus a stiúrtóirí chun leabhair agus doiciméid na cuideachtaí a sholáthar;
  - » leachtaitheoirí chun a gcuid leabhar agus doiciméad a sholáthar, i.e., leabhair agus doiciméid an leachtaitheora féin seachas leabhair agus doiciméid na cuideachta atá faoi leachtú (a bhféadfaí iad a lorg ag an am céanna);
  - » iniúchóirí a éilíonn go soláthrófar faisnéis bhreise maidir le tuairisc maidir le cion indiotáilte a fuarthas;
  - » daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúchóirí chun fianaise ar a gcáilíochtaí a sholáthar;

34 I dtaca leis na catagóirí leathana um fhéimheacht, dícháiliú, srianadh agus scrúdaitheoireacht.

- » féimhigh atá ag gníomhú mar stiúirthóirí agus rúnaithe cuideachta, a lorgaíonn ráitis mhionna maidir lena stádas dócmhainneachta; agus
- » leachtaitheoirí a éilíonn go gcomhdóidh siad tuairiscí faoi alt 682 atá fós amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a fhaightear ó na Cúirteanna a fhorghníomhú, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú srl.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú a thabhairt le fiosrúcháin na hOifige, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a roinnt.

Nuair a bheidh fiosrúcháin na hOifige críochnaithe, déanfar cinneadh maidir leis an mbeart is oiriúnaí le déanamh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith i gceist leis sin:

- an cinneadh gan beart breise a dhéanamh (mar shampla, i gcás ina dtugtar le fios le fiosrúcháin nach ndearnadh sárú ar dhlí na gcuideachtaí nó i gcás gur mionsárú é an sárú agus go mbeadh beart forghníomhaithe díreireach dá bharr);
- cinneadh gan beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh an uair seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint go spreagfadh aon atarlú beart forfheidhmiúcháin (mar shampla, i gcás gur ceartaíodh agus/nó gur leigheasadh an sárú agus go bhfuil fianaise faighte chun sástacht an OSFC go ndearnadh an ceartú/leigheas;
- cúrsaí a bhaineann lena sainchúraimí faoi seach a atreorú chuig údaráis reachtúla nó comhlachtaí gairmiúla eile;
- orduithe sibhialta a eisiúint, e.g., treoracha do chuideachtaí agus/nó dá stiúirthóirí lena n-éilítear go ndéanfaí mainneachtain sonraithe a leigheas laistigh de na tréimhsí ama forordaithe;
- imeachtaí sibhialta a thionscnamh, i.e., iarratais chúirte chun leigheasanna sonraithe a lorg;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh nó an t-ábhar a chur faoi bhráid an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú ar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas ar an líon cásanna éagsúla a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana faoi athbheithniú. Tá sonraí maidir leis na haschuir a thagann as próiseáil líon cásanna éagsúla na hOifige sonraithe sa chéad chuid eile den Chaibidil seo.

**Tábla 11 Tréachur thuairiscí 682 na leachtaitheoirí - 2021**

|  |     |            |
|--|-----|------------|
| Tuairiscí faoi alt 682 idir lámha amhail an 1 Eanáir 2021                |     | 158        |
| Gach tuairisc a fuarthas le linn 2021                                    | 668 |            |
| Lúide: Tuairiscí a bhí ina n-ábhar cinntí le linn 2021                   | 641 |            |
| <b>Tuairiscí faoi alt 682 a bhí idir lámha amhail an 31 Nollaig 2021</b> |     | <b>185</b> |

**Tábla 12 Tréachur cásanna eile - 2021**

|  |     |            |
|--|-----|------------|
| Tuairiscí eile a bhí idir lámha amhail an 1 Eanáir 2021        |     | 250        |
| Cásanna nua a osclaíodh le linn 2021                           | 425 |            |
| Lúide: Cásanna a cuireadh i gcrích le linn 2021                | 446 |            |
| <b>Cásanna eile a bhí idir lámha amhail an 31 Nollaig 2021</b> |     | <b>229</b> |

## CUID C: ASCHUIR

### BEARTA FORFHEIDHMITHE A BHAINNEANN LE DÓCMHAINNEACHT AGUS ASCHUIR A THAGANN AS TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ FAOI ALT 682 AGUS AS SCRÚDÚ AR CHUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE

#### Aschuir ó phróiseas alt 682 (i.e. tuairisciú leachtaitheora)

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (m.s., cinntí seachas “*Faoiseamh ag an am seo*”) a dheonú ar 413 tuairisc leachtaitheora le linn 2021 (2020: 531), agus rinne sí 228 cinneadh eile chun “*Faoiseamh ag an am seo*” a dheonú (2020: 279).

As na 413 cinneadh cinntitheach a rinneadh le linn 2021, rinneadh 302 san iomlán maidir le tuairiscí tosaigh (2020: 421), agus rinneadh 111 eile maidir le tuairiscí dá éis (2020: 110).

Déantar anailís ar na cinntí a rinneadh maidir le tuairiscí tosaigh agus tuairiscí dá éis faoi seach i dTáblaí 13, 14 & 15 thíos.

**Tábla 13 Anailís ar chinntí a rinneadh maidir leis na tuairiscí leachtaitheoirí uile faoi alt 682**

| Cineál cinnidh                       | 2021       | %          | 2020       | %          |
|--------------------------------------|------------|------------|------------|------------|
| Faoiseamh iomlán <sup>35</sup>       | 366        | 57         | 466        | 58         |
| Gan faoiseamh <sup>36</sup>          | 32         | 5          | 46         | 6          |
| Faoiseamh páirteach <sup>37</sup>    | 15         | 2          | 19         | 2          |
| Faoiseamh ag an am seo <sup>38</sup> | 228        | 36         | 279        | 34         |
| <b>Iomlán</b>                        | <b>641</b> | <b>100</b> | <b>810</b> | <b>100</b> |

**Tábla 14 Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh                       | 2021       | %          | 2020       | %          |
|--------------------------------------|------------|------------|------------|------------|
| Faoiseamh iomlán <sup>35</sup>       | 295        | 80         | 384        | 74         |
| Gan faoiseamh <sup>36</sup>          | 5          | 1          | 28         | 5          |
| Faoiseamh páirteach <sup>37</sup>    | 2          | 1          | 9          | 2          |
| Faoiseamh ag an am seo <sup>38</sup> | 67         | 18         | 97         | 19         |
| <b>Iomlán</b>                        | <b>369</b> | <b>100</b> | <b>518</b> | <b>100</b> |

35 Deonaítear faoiseamh iomlán i gcásanna ina dtagann an Oifig ar an tuairim, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil (lena n-áirítear tuairisc(i) an leachtaitheora), gur cosúil gur ghníomhaigh stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní go hionraic agus go freagrach i gcomhlíonadh ghnóthaí na cuideachta.

36 Ní dheonaítear faoiseamh ar bith i gcásanna ina dtagann an Oifig ar an tuairim, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil (lena n-áirítear tuairisc(i) an leachtaitheora), nach bhfuil dóthain faisnéise ann lena thaispeáint gur ghníomhaigh stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní go hionraic agus go freagrach i gcomhlíonadh ghnóthaí na cuideachta.

37 Deonaítear faoiseamh páirteach i gcúinsí, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil (lena n-áirítear tuairisc(i) an leachtaitheora), ina dtagann an Oifig ar an tuairim gur cosúil gur ghníomhaigh cuid de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní, ach ní iad go léir, go hionraic agus go freagrach i gcomhlíonadh ghnóthaí na cuideachta.

38 Deonaítear ‘faoiseamh ag an am seo’ i gcásanna ina bhfuil an Oifig sásta go dteastaíonn níos mó ama ón leachtaitheoir chun a imscrúduithe/himscrúdú ar na himthosca is cúis le meath na cuideachta a chur chun cinn/a chríochnú. Mar an gcéanna, measann an Oifig, uaireanta, gur gá cinneadh críochnaitheach a chur siar mar gheall ar chastacht gnóthaí cuideachtaí áirithe agus an gá gaolmhar le caidreamh breise leis na leachtaitheoirí lena mbaineann. I gcás go ndeonaítear ‘Faoiseamh ag an am seo’, beidh ar an leachtaitheoir tuairisc dá éis a chur isteach.

**Tábla 15 Anailís ar chinntí a rinneadh maidir leis na tuairiscí leachtaitheoirí uile faoi alt 682**

| Cíneál cinnidh                       | 2021       | %          | 2020       | %          |
|--------------------------------------|------------|------------|------------|------------|
| Faoiseamh iomlán <sup>35</sup>       | 71         | 26         | 82         | 28         |
| Gan faoiseamh <sup>36</sup>          | 27         | 10         | 18         | 6          |
| Faoiseamh páirteach <sup>37</sup>    | 13         | 5          | 10         | 3          |
| Faoiseamh ag an am seo <sup>38</sup> | 161        | 59         | 182        | 63         |
| <b>Iomlán</b>                        | <b>272</b> | <b>100</b> | <b>292</b> | <b>100</b> |

### Líon iomlán na stiúrthóirí cuideachta a srianadh agus a dhícháilíodh le linn 2021

Cuireadh srian ar 51 (2020: 73) stiúrthóir ar an iomlán agus dícháilíodh 16 (2020: 14) stiúrthóir (de bhun Gealltanais nó Orduithe Cúirte). Chomh maith leis sin, dícháilíodh 23 stiúrthóir de chuid cuideachtaí dócmhainneacha díscáilte trí Ghealltanais Dícháiliúcháin (2020: 18). Tá tuilleadh sonraí ar na hOrduithe a rinne an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí agus de bhun Gealltanais ar fáil in Aguisíní 4 agus 5.

Tá an laghdú ar líon na stiúrthóirí a bhfuil srian orthu maidir le cuideachtaí dócmhainneacha mar thoradh ar mheascán tosca lena n-áirítear an laghdú foriomlán ar líon na gcuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach le blianta beaga anuas agus an laghdú gaolmhar ar thuairiscí leachtaitheoirí a fuarthas dá bharr sin, agus tionchar srianta sláinte poiblí ar ghníomhaíochtaí leachtaitheoirí agus na hArd-Chúirte araon.

### Gealltanais Sriantachta agus Dícháiliúcháin

Feidhmíonn an OSFC córas reachtúil trínar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, a gcinntear ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas ar a Srianadh a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte, chun Gealltanais Sriantachta (nó Gealltanais Dícháiliúcháin, más infheidhme) a chur isteach ar bhonn deonach.

In 2021, i ndiaidh tuairiscí leachtaitheoirí de chuid cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach a bhreithniú, tairgeadh Gealltanais Sriantachta do 59 stiúrthóir agus tairgeadh Gealltanais Dícháiliúcháin do 5 stiúrthóir. As na tairiscintí le haghaidh Gealltanais Sriantachta a rinneadh leis na 59 stiúrthóir le linn 2021, glacadh le 40 ceann díobh agus glacadh le 4 cinn de na tairiscintí le haghaidh Gealltanais Dícháiliúcháin a tugadh do na 5 stiúrthóir le linn 2021.

Leagtar amach sa Tábla thíos líon na dtairiscintí Gealltanais a eisíodh maidir le leachtú dócmhainneach le linn 2021, mar aon le sonraí faoi líon na dtairiscintí ar glacadh leo agus nár glacadh leo faoi dheireadh na bliana.

**Tábla 16 Tairiscintí le haghaidh Gealltanais a eisíodh chuig stiúrthóirí in 2021 agus ar glacadh/nár glacadh leo in 2021**

|                                      | 2021        | 2020        |
|--------------------------------------|-------------|-------------|
|                                      | Stiúrthóirí | Stiúrthóirí |
| <b>Srianadh:</b>                     |             |             |
| Líon na dtairiscintí a eisíodh       | 59          | 70          |
| Líon na dtairiscintí ar glacadh leo  | 40          | 53          |
| Líon na dtairiscintí nár glacadh leo | 19          | 17          |
| <b>Dícháiliú:</b>                    |             |             |
| Líon na dtairiscintí a eisíodh       | 5           | 7           |
| Líon na dtairiscintí ar glacadh leo  | 4           | 3           |
| Líon na dtairiscintí nár glacadh leo | 1           | 4           |

### Iarratais Chúirte Leachtaitheoirí

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, i gcás nach ndéanóinn an Oifig faoiseamh do leachtaitheoirí agus i gcás nach dtairgtear nó nach nglactar le cuirí chun Gealltanais a dhéanamh, ceanglaítear ar na leachtaitheoirí lena mbaineann iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte chun srianadh nó dícháiliú stiúrthóirí cuideachta ábhartha a lorg. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí imeachtaí den sórt sin os comhair 20 stiúrthóir san iomlán a dhiúltaigh Gealltanais a dhéanamh maidir le cinntí a rinneadh le linn na bliana.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ag tráth ar leith ar bith, go mbíonn imeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin san Ard-Chúirt roimh líon suntasach stiúrthóirí cuideachta. Leanann cohórt eile stiúrthóirí, nár tairgeadh gealltanais dóibh nó nár ghlac le Gealltanais roimh 2021, go mbeidh imeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin rompu.

Leagtar amach sa Tábla thíos sonraí faoi thorthaí iarratas leachtaitheoirí chuig an Ard-Chúirt i rith na bliana.

**Tábla 17 Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2021**

|                                       | 2021    |             | 2020    |             |
|---------------------------------------|---------|-------------|---------|-------------|
|                                       | Cásanna | Stiúrthóirí | Cásanna | Stiúrthóirí |
| Dearbhuithe Sriantachta a deonaíodh   | 8       | 11          | 12      | 20          |
| Orduithe Dícháiliúcháin a deonaíodh   | 9       | 12          | 8       | 11          |
| Dearbhuithe nó Orduithe nár deonaíodh | 3       | 6           | 1       | 3           |

### Gealltanais Dícháiliúcháin na Cuideachtaí Dócmhainneacha Dícháilithe

Leagtar amach sa Tábla thíos líon na dtairiscintí Gealltanais Dícháiliúcháin a eisíodh faoi alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014 le linn 2021 in éineacht le figiúirí inchoimparáide 2020, mar aon le sonraí faoi líon na dtairiscintí ar glacadh leo agus nár glacadh leo faoi dheireadh na bliana.

In 2021, d'iarr dhá stiúrthóir ar dhá chuideachta ar leith síneadh a chur leis an tréimhse fógra shonraithe chun am breise a thabhairt dóibh a gcásanna a chur i láthair maidir leis an bhfáth nár cheart don Oifig seo a ndícháiliú a lorg.

**Tábla 18 Tairiscintí le haghaidh Gealltanais faoi alt 842(h) a eisíodh chuig stiúrthóirí in 2021 agus ar glacadh/nár glacadh leo in 2021**

|  | 2021        | 2020        |
|--|-------------|-------------|
|  | Stiúrthóirí | Stiúrthóirí |
| <b>Dícháiliú:</b>                          |             |             |
| Líon na dtairiscintí a eisíodh             | 28          | 20          |
| Líon na dtairiscintí ar glacadh leo        | 23          | 18          |
| Líon na dtairiscintí nár glacadh leo       | 3           | 2           |
| Líon na dtairiscintí a síneadh an t-am leo | 2           | 0           |

### Fíricí agus imthosca arna mbreithniú ag an Ard-Chúirt le linn Orduithe Dícháiliúcháin a dhéanamh agus ag an OSFC trí Ghnóthais Dícháilithe a thairiscint

Tá samplaí leagtha amach thíos de na cineálacha saincheistanna a bhreithnigh an Ard-Chúirt le linn Orduithe Dícháiliúcháin a dhéanamh agus i gcásanna inar thairg an OSFC Gealltanais Dícháiliúcháin agus inar ghlac na stiúrthóirí lena mbaineann leo ina dhiaidh sin.

Áirítear orthu sin cás Gaboto Limited, inar thug an Ard-Chúirt smachtbhanna dícháiliúcháin 15 bliana. I gcás Pembroke Dynamic Internet Services Limited thug an Ard-Chúirt smachtbhanna 16 bliana, an tréimhse dícháiliúcháin b'fhaide riamh a forchuireadh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 5.

### Pembroke Dinimiciúil Idirlíon Tseirbhís Teoranta – Dícháiliú ón gCúirt

Socraíodh iarratas ón leachtaitheoir inar lorgaíodh dícháiliú an stiúrthóra, chomh maith le horduithe inar lorgaíodh dliteanas pearsanta a fhorchur, idir na páirtithe. Chuir na páirtithe in iúl don Chúirt nach bhféadfaidís aontú ar fad na tréimhse dícháiliúcháin a bhí le forchur. Thug breitheamh na trialach faoi deara gur chuir an chuideachta ardán teicneolaíochta ar fáil a bhí dírithe ar an earnáil charthanachta. D'áitigh an leachtaitheoir go raibh os cionn €4m dlite do charthanais ar fud an domhain agus easnamh cistí a bhí ar fáil de thart ar €3.6m agus nár cuireadh tabhartais a fuair an chuideachta ar aghaidh chuig na carthanais. Fuair sé go raibh cistí á gcomhthiomsú agus gur íocadh forchostais na cuideachta as fáltais charthanachta chomh maith. Áiríodh ar théarmaí na socraíochta dearbhú go raibh an stiúrthóir faoi dhliteanas €2m d'fhiacha na cuideachta agus toiliú le breithiúnas i bhfabhar an leachtaitheora as an tsuim chéanna. Dúirt breitheamh na trialach gur beag calaoisí atá ann atá níos uafásaí agus níos suaraí ná tabhartais charthanachta a aistriú ón gcuispóir a bhí beartaithe dóibh agus go raibh iompar an stiúrthóra an-tromchúiseach, ar an taobh is tromchúisí den scála, agus dá réir sin dícháilíodh an stiúrthóir ar feadh tréimhse 16 bliana agus cuireadh faoi réir na n-orduithe eile a d'aontaigh sé a dhéanamh ina choinne é.

### Gaboto Limited – Dícháiliú ón gCúirt

Rinne cuideachta trádáil i mbreosla mórdhíola agus miondhíola ó áitreabh gar don teorainn le Tuaisceart Éireann. Bhí an chuideachta ag trádáil freisin ó réamhchúirt i mBaile Átha Cliath. Mar chuid d'imscrúdú níos leithne ar sciúradh breosla feadh na teorann, d'aimsigh na Coimisinéirí Ioncaim fianaise ar sciúradh breosla ag an áitreabh i mBaile Átha Cliath. Chuaigh an chuideachta faoi leachtú agus d'aimsíodh in imscrúduithe an leachtaitheora saincheisteanna tromchúiseacha maidir le rannpháirtíocht na cuideachta i gcalaois sciúrtha breosla a raibh cailteanas suntasach ar an Státchiste mar thoradh air. Níor chomhoibrigh na stiúrthóirí leis an leachtaitheoir le linn a imscrúduithe, níor coinníodh taifid chuntasaíochta imleora agus bhí breis agus €9m dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. Dhícháiligh an Chúirt an dá stiúrthóir ar feadh 15 bliana.

### Cuideachta 1 - Gealltanais Dícháiliúcháin

Fuarthas i scrúdú a rinneadh ar ghníomhaíochtaí stiúrthóra de chuid cuideachta dócmhainní go raibh fianaise ann ar chóireáil fhabhrach i bhfoirm íocaíochtaí tuarastail leis an stiúrthóir agus cánacha a bhí dlite do na Coimisinéirí Ioncaim á gcoinneáil siar ag an am céanna. Mhéadaigh luach saothair an stiúrthóra ó €155,990 in 2017 go €198,219 in 2018. Bhí an figiúr sin os cionn €15,000 de bhreis ar láimhdeachas iomlán na cuideachta in 2018. Bhí costais taistil agus chothaithe á n-íoc leis an stiúrthóir le linn na tréimhse sin chomh maith. Dúirt an leachtaitheoir go raibh neamhaird shuntasach agus mhífhreagrach á tabhairt ar oibleagáidí an stiúrthóra i leith na gCoimisinéirí Ioncaim. Laghdaigh an stiúrthóir tosaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim mar chreidiúnaí. Íocadh gach creidiúnaí cuideachta eile, lena n-áirítear tuarastal agus speansais an stiúrthóra roimh na Coimisinéirí Ioncaim. Mhéadaigh dliteanas cánach na Cuideachta ó €40,196 in 2017 go €81,811 in 2018. Tharla sé sin i gcomhthráth le hardú tuarastail de €42,229 a mheas an leachtaitheoir a bheith ina rogha chalaoiseach. D'aontaigh an stiúrthóir le Gealltanais Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse cúig bliana.



## Cuideachta 2 - Gealltanais Dícháiliúcháin

Corpraíodh an Chuideachta in 2002 agus bhí beirt stiúrthóirí aici ar dháta an leachtaithe. Bhí baint ag an gCuideachta le soláthar saothair sa tionscal tógála; sholáthair sé seirbhísí saothair agus conarthacha ginearálta roimhe sin. Bhí an chuideachta ag tabhú cailteanas le roinnt blianta anuas. Shainithin an leachtaitheoir teipeanna agus saincheistanna tromchúiseacha le linn a imscrúdaithe amhail neamhchomhlíonadh tromchúiseach oibleagáidí cánach, roghanna éagóracha, agus mainneachtain comhoibriú leis an leachtaitheoir. Bhí an Chuideachta ag trádáil go meargánta agus bhunaigh siad athchuideachta. Tairgeadh gealltanais dícháiliúcháin don dá stiúrthóir agus glacadh leis an mbeirt.

## Samplaí de Chuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte a842(H)

### Sampla 1

Scrúdaíodh gníomhaíochtaí na dtrí stiúrthóir de chuid cuideachta dócmhainní dhíscailte (i.e. cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí de réir Alt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Sainithníodh i scrúdú ar an tuairisceán bliantúil deireanach a comhdaíodh i leith na cuideachta gur taifeadadh iarmhéid creidiúnaithe de €431,720 ar an iomlán ar an gClár Comhardaithe a bhí dlite laistigh de bhliain amháin. Cláraíodh dhá Bhreithiúnas gan sásamh i gcoinne na cuideachta agus cúiseamh gan sásamh amháin. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na gcinntí sin agus níor ghlac siad bearta leighis chun iad a cheartú. D'aontaigh na trí stiúrthóir le Gealltanais Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

### Sampla 2

Sainithníodh i scrúdú ar ghníomhaíochtaí dhá stiúrthóir de chuid cuideachta dócmhainní dhíscailte go raibh mainneachtain ann tuairisceáin bhliantúla a chomhdú i leith na cuideachta. Scrúdaíodh gach cuideachta eile a raibh baint ag stiúrthóirí na cuideachta sin leo freisin agus, astu sin, baineadh trí chuideachta eile go neamhdheonach de Chlár na gCuideachtaí toisc gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Taifeadadh creidiúnaithe de €570,339 ar an Tuairisceán Bliantúil deireanach a comhdaíodh i leith na cuideachta. Bhí an chuideachta le feiceáil freisin ar Liosta Mainnitheoirí Cánach na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 de bhun Alt 1086 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 le socrú cánach de €390,000. D'aontaigh an dá stiúrthóir le Gealltanais Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

## Fírící agus imthosca arna mbreithniú ag an Ard-Chúirt le linn Orduithe Srientachta a dhéanamh agus ag an OSFC trí Ghealltanais Srientachta a thairiscint

Tá samplaí leagtha amach thíos de na cineálacha saincheisteanna a breithníodh i gcásanna inar thairg an OSFC Gealltanais agus inar ghlac na daoine aonair lena mbaineann leo ina dhiaidh sin. I ngach cás, tá feidhm ag an srianadh ar feadh na tréimhse caighdeánaí cúig bliana.

Tháinig na hOrduithe/Gealltanais chun cinn i ndiaidh don OSFC tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682 a mheas agus, nuair ba ghá, i ndiaidh don OSFC faisnéis bhreise agus/nó soiléiriú breise a lorg agus a fháil. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 4.

### Haz.com Fuels Limited – Srianadh Cúirte

Corpraíodh an chuideachta in 2003 agus bhí dá stiúirthóirí aici. D'oibrigh an chuideachta sa tionscal breosla. Cheap creidiúnaí de chuid na cuideachta an leachtaitheoir de bhun achainí chun na Cúirte. Shainaithin an leachtaitheoir mainneachtain agus saincheisteanna tromchúiseacha a tháinig as an imscrúdú leachtaithe, lena n-áirítear mainneachtain comhoibriú agus leabhair agus taifid na cuideachta a chur ar fáil; mainneachtain sócmhainní na cuideachta a sheachadadh; mainneachtain déanamh de réir ordú cúirte lena éilíodh ráiteas gnóthaí a chur isteach; mainneachtain taifid airgeadais leordhóthanacha a choinneáil mar a bhí le feiceáil ón easpa ullmhúcháin agus nár cuireadh cuntais isteach; mainneachtain gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta; úsáid cistí cuideachta chun críocha pearsanta agus sárúithe féideartha ar alt 602 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Thuairiscigh an leachtaitheoir freisin gur cosúil gur éascaíodh sárú ar dhlíthe pleanála trí chead a thabhairt don chuideachta a bheith páirteach i dtógáil neamhúdaraíthe foirgnimh agus ag ceadú don chuideachta b'fhéidir a bheith ag sárú na reachtaíochta comhshaoil ábhartha. Tairgeadh gealltanais don dá stiúirthóir ach níor ghlac siad leis an tairiscint agus tugadh ordú don leachtaitheoir iarratas a chur faoi bhráid na gCúirteanna chun iad a shrianadh. Cuireadh srianadh ar stiúirthóir amháin ar feadh 5 bliana mar thoradh ar an iarratas sin agus ní dhearnadh aon ordú i gcoinne an stiúirthóra eile.

### Jemvale Limited – Srianadh Cúirte

Rinne an Ard-Chúirt cuideachta a sholáthair seirbhísí deisiúcháin gluaisteán a fhoirceannadh de bhun achainí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim. Níor chomhdaigh na stiúirthóirí tuairisceáin chánach ó 2016 i leith agus bhí cáin móide ús á gcoinneáil siar acu d'aon ghnó, arbh ionann é agus thart ar €97,808, ag lua ionsaí líomhnaithe ag an Sirriam mar an chúis. Bhí an chuideachta ag trádáil freisin agus í dócmhainneach ar feadh tréimhse 18 mí. Tugadh an deis do na stiúirthóirí a dtoiliú a chur isteach maidir le Gealltanais Srientachta. Ní dhearna ceachtar díobh amhlaidh agus thionscain an leachtaitheoir, ar ordú an OSFC, imeachtaí srientachta. Chuir an Ard-Chúirt srianadh ar an dá stiúirthóir ar feadh cúig bliana.

### Cuideachta 1 – Gealltanais Srientachta

Dhíol cuideachta aon-stiúirthóra éadaí leapa agus troscán ar líne. D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim litir éilimh maidir le cánacha neamhíoctha agus, i ndiaidh mainneachtain na fiacha sin a íoc, d'fhostaigh na Coimisinéirí Ioncaim an Sirriam chun airgead a bhí dlite a aisghabháil. Chuir an leachtaitheoir in iúl don OSFC nach raibh sé ábalta bunús a thabhairt le Ráiteas Gnóthaí an stiúirthóra mar gheall ar an easpa leabhar agus taifead a cuireadh ar fáil dó. Níor chomhoibrigh an stiúirthóir leis an leachtaitheoir. Mhainnigh stiúirthóir na cuideachta tuairisceáin bhliantúla a chomhdú don bhliain dar críoch an 2018 Nollaig 2018, bhí mainneachtain chomhsheasmhach ann cánacha na cuideachta a scaoileadh de réir mar a bhí siad dlite, níor coinníodh leabhair agus taifid chearta agus ní raibh sé ar chumas an stiúirthóra

riamh staid airgeadais na cuideachta a chinneadh. Díoladh sócmhainn de chuid na cuideachta agus níor taifeadh an t-idirbheart i leabhair na cuideachta. Lig an stiúrthóir don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil cé go raibh an chuideachta dócmhainneach. Ghlac an stiúrthóir le Gealltanais Sríantachta ar feadh tréimhse cúig bliana.

### Cuideachta 2 – Gealltanais Sríantachta

Cuideachta a bhí ag trádáil ar feadh thart ar 20 bliain i ndíol troscán tí, soilsiú, agus earraí tí. Thabhaigh an chuideachta cailteanais thar an tréimhse dheireanach dhá bhliain de thart ar €981,000. Tháinig méadú suntasach ar airgead a bhí dlite i leith na Coimirce Sóisialaí agus creidiúnaithe trádála le 2 bhliain trádála anuas. Choinnigh an chuideachta uirthi ag trádáil nuair a bhí a fhios ag na stiúrthóirí nó nuair ba cheart go mbeadh a fhios acu go raibh sí dócmhainneach. Reáchtáil an chuideachta díolachán práinne chun cuid dá stoic a dhíol agus leanúint ar aghaidh i mbun gnó. D'íoc custaiméirí éarlaisí ar throscán dar luach thart ar €11,554 agus níor aimsigh an leachtaitheoir troscán ar bith in áitreabh na cuideachta. Lig na stiúrthóirí don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil leis an ionchas réasúnta go n-íocfadh sí a creidiúnaithe. Cheannaigh an chuideachta stoc ó chuideachta eile agus nuair a sheachadadh an t-ordú seo, eisíodh seacht seic iardhátaithe chuig an soláthraí. Glanadh an chéad seic ach cuireadh na seiceanna ina dhiaidh sin ar ais gan íoc. Ní raibh aon airgead ar fáil ag an gcuideachta chun na seiceálacha sin a chomhlíonadh agus bhí sé i staid rótharraingthe i gcónaí. Ghlac an stiúrthóir le Gealltanais Sríantachta ar feadh tréimhse 5 bliana.

### Cuideachta 3 – Gealltanais Sríantachta

Rinne an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ('ComReg') imscrúdú agus ionchúiseamh ar chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide ar lascaine do chustaiméirí líne talún. I mí na Nollag 2017, ciontaíodh an chuideachta as 89 sárú ar alt 45 den Acht um Rialáil Chumarsáide 2002 ar gearradh fíneáil €66,000 uirthi ina leith agus as 3 chúiseamh as mainneachtain iarratas ComReg ar fhaisnéis a chomhlíonadh, ar gearradh fíneáil €5,500 uirthi ina leith. Bhí an chuideachta fós ar mainneachtain agus rinne ComReg iarratas ar Ordú Forghabhála i gcoinne shócmhainní na cuideachta, as a dtabharfaí aisíocaíochtaí do chustaiméirí. D'aontaigh an chuideachta go bhféadfadh sí margadh na hÉireann go hiomlán agus chuaigh sé faoi leachtú ar an 30ú Márta 2020. Mheas an leachtaitheoir gurbh ionann an ró-mhuirearú iomlán ar chustaiméirí agus thart ar €197,000. Ghlac an dá stiúrthóir le Gealltanais Sríantachta ar feadh tréimhse 5 bliana.

### Cuideachta 4 – Gealltanais Sríantachta

D'fheidhmigh an Comhlacht mar choláiste Béarla. Theip ar an gcuideachta cloí leis na rialacháin atá leagtha síos ag an Roinn Dlí agus Cirt maidir leis na socrúithe atá i bhfeidhm maidir le cláir Bhéarla, faoina raibh sé de cheangal uirthi cuntas víosa cliant ar leith a oibriú le haghaidh réamhíocaíochtaí a bhí le coinneáil sa chuntas sin go dtí go gcinntí iarratas an mhic léinn ar víosa agus, dá ndíoltófaí don iarratas ar víosa, bhí an t-airgead le tabhairt ar ais don mhac léinn laistigh de 20 lá oibre. Dhearbhaigh an leachtaitheoir, cé go raibh cuntas bainc ainmnithe ag an gcuideachta le haghaidh taiscí mac léinn, nár coinníodh an t-airgead a fuarthas ó na mic léinn idirnáisiúnta sa chuntas ainmnithe. Seachas sin, baineadh úsáid as an airgead chun críocha eile lena n-áirítear tuarastal múinteoirí a íoc. Thuairiscigh an leachtaitheoir gur tháinig an fhoireann agus na mic léinn ar an eolas go bunúsach faoi dhócmhainneacht na cuideachta toisc nár íocadh pá agus gur dúnadh an coláiste gan fógra. Ghlac an stiúrthóir le Gealltanais Sríantachta ar feadh tréimhse 5 bliana.

### Cuideachta 5 – Gealltanús Srianachta

Bhí an chuideachta ag trádáil mar sholáthraí seirbhíse tarlaithe agus innealtóireachta sibhialta. Aistarraingíodh cead tarlaithe na cuideachta agus chuaigh sé faoi leachtú. B'ionann an t-easnamh ag am an leachtaithe agus €988,910. Thuairiscigh an Leachtaitheoir gur lean an stiúrthóir ar aghaidh ag trádáil thar pointe inar léir go raibh an chuideachta dócmhainneach. In ainneoin go raibh fiacha ag fabhrú ar sholáthraithe breosla reatha, lean an stiúrthóir leis ag ceannach breosla ó sholáthraí eile. Thabhaigh an chuideachta fiacha ina dhiaidh sin le cúig sholáthraí breosla éagsúla thar thréimhse 33 mí agus bhí meán-iarmhéid de €104,000 amuigh ann le linn na tréimhse. Thuairiscigh an leachtaitheoir freisin gur lean an stiúrthóir ag trádáil sa líne chéanna gnó in “athchuideachta” a cuireadh ar bun roimh an leachtú. Ghlac an stiúrthóir le Gealltanús Srianachta ar feadh tréimhse 5 bliana.

### Cuideachta 6 – Gealltanús Srianachta

Bhí an chuideachta ag trádáil i soláthar cógas agus snáthaidphollta as an tSín in ionaid ar fud na tíre. Thuairiscigh an leachtaitheoir gur theip ar na stiúrthóirí dliteanais chánach a scaoileadh. Theip ar an gcuideachta cuntas ceart a thabhairt i leith CBL ar na seirbhísí a chuir sí ar fáil, rud a raibh dliteanas CBL €100,044 i leith na mblianta 2016, 2017, 2018 agus 2019 mar thoradh air. In ainneoin gur moladh di clárú le haghaidh CBL i lár 2018, lean an chuideachta ag carnadh dliteanais CBL go dtí gur scoir sí de thrádáil i mí na Nollag 2019. Thuairiscigh an leachtaitheoir freisin go raibh rogha éagórach déanta de shárú ar Alt 604 d'Acht na gCuideachtaí 2014. In ainneoin gur aithníodh go raibh an chuideachta dócmhainneach, rinneadh fócaíochtaí le duine gaolmhar, gan staid an chreidiúnaí eile, arbh rogha éagórach é, a chur san áireamh. Fuarthas go raibh sárú á dhéanamh ag na stiúrthóirí chomh maith ar alt 291(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 – mainneachtain ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom – trí ráitis airgeadais mhíchruinne ina dtaispeántar luach nialasach creidiúnaithe a chomhdú agus an luach deimhnithe €89,000 a bhí dlite i CBL do na Coimisinéirí Ioncaim a fhágáil ar lár go feasach. Ghlac an stiúrthóir le Gealltanús Srianachta ar feadh tréimhse 5 bliana.

## Beartha agus aschuir forfheidhmiúcháin eile (nach mbaineann le dócmhainneacht) - 2021

### Aschuir ó obair fhorfheidhmiúcháin

Bíonn foirmeacha éagsúla i gceist le hobair fhorfheidhmiúcháin na hOifige, lena n-áirítear:

- bheith ag obair le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile chun ceartú/leasú deonach a fháil ar chásanna leasúcháin a chinntiú;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó chun fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmeanna an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagairt ar thásca leasúcháin;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche;
- más rud é, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh agus gur cinneadh ar an mbonn céanna go bhfuil na tásca amhrasta coiriúlachta sa chaoi gur féidir ionchúiseamh ar díotáil a bheith riachtanach, comhaid imscrúdaithe a atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda i leith na gcúrsaí; agus
- tásca maidir le sáruithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a atreorú chuig Gníomhaireachtaí ábhartha eile rialála nó forfheidhmiúcháin (lena n-ionchorpraítear freisin ábhair ábhartha a atreorú chuig comhlachtaí gairmiúla).

Sonraítear thíos na príomh-aschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige.

### Ceartú/leasú deonach a chinntiú

#### Sáruithe ar iasachtaí stiúrthóirí

I 18 gcás (2020: 13) inar thuairiscigh iniúchóirí sáruithe amhrasta ar iasacht stiúrthóirí, nó ar tarraingíodh aird orthu ar bhealach eile, bhí ceartuithe (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) arbh fhiú €9.7m (2020: €5.7m) iad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na hOifige Is chun leasa chomhaltaí agus chreidiúnaithe na gcuideachtaí lena mbaineann na ceartuithe sin.

#### Mainneachtain cloí le caighdeáin chuntasaíochta

Ceanglaítear le halt 291(3) den Acht ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, *inter alia*, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe. Foráiltear in alt 291(9) gur cion de réir chatagóir 2<sup>39</sup> ar thaobh na cuideachta agus ag aon oifigeach ar mainneachtain de<sup>40</sup> mainneachtain an ceanglas sin a chomhlíonadh. In 2021, tuairiscíodh 91 (2020: 40) cás inar mhainnigh cuideachtaí caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh don Oifig trí bhithin tuairiscí iniúchóirí ar chionta indíotáilte. Mar gheall go bhfuil cineál bunúsach na saincheisteanna lena mbaineann (mar shampla, léirmhínte éagsúla ar chaighdeán cuntasaíochta) sa chaoi is féidir, i ndiaidh don OSFC scrúdú a dhéanamh orthu, go leor ábhar dá leithéid a réiteach gan ach beagán gá dul iontaoibh shraith cumhachtaí forfheidhmiúcháin an OSFC.

39 Déantar cur síos in alt 871 den Acht ar na pionóis a bhaineann le cionta faoin Acht, le cion chatagóir 2 gabhann pionós ar chiontú achomair d'fhíneáil Aicme A agus príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó leis an dá rud nó, ar díotáil, d'fhíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó an dá rud.

40 Trí mhainneachtain alt 291 fo-ailt (2) go (7) den Acht a chomhlíonadh.

## Daoine a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí cuideachta cé nach gceadaítear dóibh déanamh amhlaidh

Le linn na bliana, rinne an Oifig athbhreithniú ar chlár na ndaoine dícháilithe agus srianta arna choinneáil ag Cláraitheoir na gCuideachtaí, agus ag an Iris Oifigiúil chun féimhígh neamhscaoilte a aithint. De thoradh an athbhreithnithe, ba chosúil go raibh 53 duine (2020:6) ag sárú orduithe agus gealltanais den sórt sin. I ndiaidh idirghabháil an OSFC i gcásanna cuí, rinneadh seasaimh na ndaoine aonair a rialáil.

## Eisíodh rabhaidh maidir le hiompar amach anseo

Chomh maith leis an méid thuas, i gcás inar tháinig cuideachtaí ar aird an OSFC agus gur réitíodh cúrsaí a bhaineann lena n-iompar, rinneadh rabhaidh maidir lena n-iompar amach anseo, i gcás atarlú iompair comhchosúil, a eisiúint chuig 26 cuideachta (2020):19) ar ábhair éagsúla a bhain le comhlíonadh na n-oibleagáidí ar chuideachtaí faoin Acht amach anseo.

## Comhlíonadh a áirithiú agus fiosruithe agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Baineadh úsáid as raon leathan forálacha reachtaíochta le linn na bliana faoi athbhreithniú chun comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chinntiú agus chun fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn. I measc na gcumhachtaí reachtúla a úsáideadh, agus beart imscrúdaithe eile, bhí:

- 3 cheanglas reachtúla a sheirbheáil ar chuideachtaí chun miontuairiscí ar chruinnithe stiúrthóirí a sholáthar faoi alt 166 den Acht (2020:0);
- 1 cheanglas reachtúla a sheirbheáil chun miontuairiscí ar chruinnithe ginearálta a sholáthar faoi alt 199 den Acht (2020:0);
- fuarthas 39 ordú nó ceanglas cúirte, de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 agus alt 63 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010;
- forghníomhú 8 (2020: 7)<sup>41</sup> mbarántas cuardaigh;
- gabháil 8 nduine (2020: 9)
- bualadh le 6 (2020: 14) dhuine trí shocrú i ndiaidh dóibh bheith sásta ráitis faoi rabhadh a sholáthar;
- bualadh le 56 duine chun críche ráitis finnétithe;
- eisiúint 6 iarratas ar Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach<sup>42</sup>;
- 2 iarratas reachtúla a sheirbheáil ar leachtaitheoir chun leabhair agus taifid a scrúdú faoi alt 653 den Acht (2020:0); agus
- 6 iarratas reachtúla ar fhaisnéis a sheirbheáil ar iniúcháirí faoi alt 393 den Acht (2020: 3).

## Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Le linn na bliana, fuarthas 9 n-iarratas (2020: 5) ó chuideachtaí a bhí ag lorg treorach maidir le diffeidhmiú an teorannaithe dá bhforáiltear in alt 288(9) den Acht, i gcás nach bhféadfaidh, de ghnáth, cuideachta dáta a deiridh bliana airgeadais reatha nó roimhe sin a athrú níos mó ná uair amháin i dtréimhse cúig bliana.

41 Cúig cinn de bhun alt 787 den Acht, 1 cheann de bhun alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 (arna ionadú le halt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) agus 1 cheann de bhun alt 48 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise), 2001.

42 Is ionann cúnaimh frithpháirteach ann agus sásraí éagsúla trína bhféadfaidh stát amháin cúnaimh a lorg ó stát eile maidir le himscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla. In Éirinn, is é an [Acht um Cheartas Coiriúil \(Cúnaimh Frithpháirteach\) 2008](#), arna leasú, an príomhbhonn reachtach le cúnaimh den sórt sin a sholáthar agus a fháil. Gníomhaíonn an tAire Dlí agus Cirt mar Údarás Lárnach na hÉireann um Chúnamh Frithpháirteach.

## Príomhdhlíthíocht sibhialta

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí an Oifig páirteach freisin, *inter alia*, sna himeachtaí sibhialta seo a leanas, atá leagtha amach i dTábla 19 thíos.

**Tábla 19 Sonraí faoi na príomhimeachtaí sibhialta – 2021**

|   |   |
|---|---|
| <p>Cumann Peile na hÉireann</p> <p>An Ard-Chúirt – 2019 391 COS<br/>An Ard-Chúirt – 2020 66 COS</p>   | <p>I ndiaidh éilimh reachtúla a eisiúint de bhun alt 778 d’Acht na gCuideachtaí 2014, agus forghníomhú barántas cuardaigh de bhun alt 787 den Acht, thionscain an OSFC imeachtaí, de bhun ailt 788 agus 795 den Acht, chun cinneadh na Cúirte ar dhoiciméid áirithe ar dearbhaíodh príbhleáid agus/nó príobháideacht ghairmiúil dhlíthiúil ina leith a fháil.</p> <p>I mí na Samhna 2020, cheap an Ard-Chúirt duine neamhspleách de bhun alt 795(6) d’Acht na gCuideachtaí 2014 chun, <i>inter alia</i>, tuarascáil a ullmhú chun cuidiú leis an gCúirt cinneadh a dhéanamh an bhfuil ábhar na n-imeachtaí ábhartha faoi phríbhleáid.</p> <p>I mí an Mhárta 2021, cheap an Ard-Chúirt duine neamhspleách eile chun críocha comhchosúla dá dtagraítear thuas. Thuairiscigh na daoine sin don Chúirt i mí na Bealtaine 2021 agus rinneadh tuilleadh laghdúithe ar an méid ábhair a bhí le breithniú ag an gCúirt ina dhiaidh sin.</p> <p>Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí an dlíthíocht sin fós ar fáil.</p> <p>Tá éisteacht an iarratais ag an gCúirt liostaithe do Bhealtaine 2022.</p> |
| <p>Re Independent News and Media Plc [2018] 124 COS (Gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, Kelly P., 4 Meán Fómhair 2018)</p> <p>Buckley v. Fleck (agus Daoine Eile) [2021] IEHC 101 (Gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, Simons J., 15 Feabhra 2021)</p> | <p>Trí bhíthin imeachtaí Ard-Chúirte ar cuireadh tús leo i mí Aibreáin 2020, d’iarr an tUasal Leslie Buckley, iar-Chathaoirleach ar Independent News &amp; Media plc (“INM”), Orduithe de bhun alt 749 d’Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le diúltú cigirí arna gceapadh ag an Ard-Chúirt, ar fhorais shonraithe, ón imscrúdú a d’ordaigh an Ard-Chúirt de bhun alt 748 d’Acht 2014.</p> <p>D’éist an Ard-Chúirt an t-ábhar sin thar thréimhse 8 lá i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tugadh an breithiúnas ar an 15 Feabhra 2021 agus dhiúltaigh an tUasal Breitheamh Simons iarratas an Uasail Buckley chun Cigirí arna gceapadh ag an gCúirt a dhiúltú.</p>   |
| <p>An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach - agus - an Coimisiún um Chosaint Sonraí</p> <p>An Chúirt Chuarda 2021/00340</p>  | <p>Rinne an Stiúrthóir achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i gcás gur sheas an Coimisiún le gearán maidir le sonraí pearsanta a bhí á lorg ag iarratasóir a choinneáil siar agus a bhí cuimsithe i dtuairiscí an leachtaitheora, i ngearáin, i gcomhfhreagras inmheánach agus i bpléadálacha.</p> <p>Éisteadh an cás ar deireadh i mí Feabhra 2022 agus tugadh breithiúnas ar an 01 Aibreán 2022, lena gceadaíodh achomharc an Stiúrthóra go substaintiúil.</p>   |

## Imeachtaí coiriúla

De thoradh a cuspóra straitéisigh maidir le dul i ngleic le tásca éagóra ag an taobh is tromchúisí den speictream, is gnách go ndírítear acmhainní imscrúdaithe coiriúla na hOifige ar imscrúduithe níos mó agus níos casta a mbíonn sé de thoradh orthu, go hiondúil, go gcuirtear comhaid faoi bhráid an SIP lena bhreithniú ar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil. Stiúránn an Stiúrtóir freisin, ag brath ar na fíricí agus na himthosca bunúsacha, áfach, ionchúiseamh achomair i leith cionta líomhnaithe de réir mar is cuí. Leagtar amach anseo thíos achoimre ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Le linn 2021:

- i.** ciontaíodh 3 dhuine nó cruthaíodh fíricí as 12 chion<sup>43</sup>;
- ii.** 100% de na ciontaithe a fuarthas ar phléadálacha ciontacha;
- iii.** rinneadh 8 ngabháil, rinneadh 6 agallamh dheonacha faoi rabhadh, agus glacadh 56 ráiteas finnétithe chun imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn;
- iv.** fuarthas/eisíodh 39 Ordú nó Ceanglas Cúirte agus sé iarratas faoin gConradh um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach chun imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn;
- v.** cuireadh comhaid faoi bhráid an SIP maidir le 3 imscrúdú ar leith;
- vi.** d'eisigh an Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach treoracha chun cúiseamh, nó eile, a dhéanamh i leith 4 imscrúdú ar leith;
- vii.** fuarthas treoracha ón SIP chun cúiseamh, nó eile, a dhéanamh i leith 3 imscrúdú ar leith;
- viii.** le chéile, ag teacht as (vi) agus (vii) thuas, rinneadh 62 cúiseamh coiriúla san iomlán ar 6 dhuine aonair, m.s., i leith cionta líomhnaithe den chineál seo a leanas:
  - faisnéis bhréagach a sholáthar, rud a thagann salach ar alt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014
  - faisnéis bhréagach a sholáthar, rud a thagann salach ar alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990
  - sciúradh airgid a thagann salach ar ailt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) & 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010; agus
  - gadaíocht a thagann salach ar alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001).
- ix.** dhá dhuine aonair a ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche as sárúithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí;
- x.** ceithre dhuine aonair a ionchúiseamh sa Chúirt Chuarda (i.e., ar díotáil) as sárúithe líomhnaithe ar reachtaíocht cuideachtaí agus an cheartais choiriúil.

Amhail an 31 Nollaig:

- xi.** Bhí 4 cheist fós os comhair na Cúirte Dúiche agus Cuarda; agus
- xii.** Bhí 1 chomhad leis an Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí ag fanacht le cinntí maidir le cúisimh nó eile a ordú.

<sup>43</sup> Lena n-áirítear cásanna inar cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm. Sna cásanna sin, faightear go bhfuil na fíricí cruthaithe ag an gcúirt trialach ach ní théann sí ar aghaidh chuig ciontú agus imthosca áirithe atá leagtha amach san alt á gcur san áireamh.



## Imeachtaí coiriúla - Cás Staidéir

### An tUasal Pearse O'Connor

Ag eascairt as imscrúdú an OSFC ar ghnóthaí Pearse Roofing and Cladding Limited, agus i ndiaidh orduithe a fháil ón Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí, i Lúnasa 2018 cúisíodh an tUasal Pearse O'Connor as cionta líomhnaithe a thagann salach ar ailt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) & 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 (Sciúradh Airgid), alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), agus alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 (Ionstraim bhréagach a Úsáid). Bhain na cúisimh le líomhaintí go bhfuarthas íocaíochtaí go mhacánta ó Keys Commercial Finance Limited.

I mí Aibreáin 2021, rinne an tUasal O'Connor pléadálacha ciontacha i gcúiseamh amháin maidir le Trádáil Chalaoiseach agus cúig chúiseamh maidir le hIonstraim Bhréagach a Úsáid. I ndiaidh éisteacht phianbhreithe os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Dhún Dealgan i mí Eanáir 2022, gearradh pianbhreith cúig bliana príosúnachta ar an Uasal O'Connor i leith cúiseamh amháin maidir le Trádáil Chalaoiseach, cúig bliana príosúnachta i leith cúiseamh amháin maidir le hIonstraim Bhréagach a Úsáid, agus ceithre bliana príosúnachta i ndáil le ceithre chúiseamh ar leith maidir le hIonstraim Bhréagach a Úsáid. Bhí na pianbhreitheanna go léir le bheith i gcomhthráth agus cuireadh ar fionraí go hiomlán iad ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta na pianbhreithe ar choinníollacha sonraithe. Dícháilíodh an tUasal O'Connor ó ghníomhú mar stiúrtóir nó oifigeach cuideachta ar feadh a shaoil chomh maith. I mí Feabhra 2022, chuir an Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh athbhreithniú ar phianbhreith ar fhorais trócaire míchuí. Táthar ag fanacht le dáta chun achomharc na pianbhreithe a éisteacht.

### Patricia Kelly Uasal

Ag eascairt as imscrúdú an OSFC ar ghnóthaí Console Suicide Bereavement Counselling Limited (faoi leachtú), agus i ndiaidh orduithe a fháil ón Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí, cúisíodh Patricia Kelly Uasal as cionta líomhnaithe a thagann salach ar alt s. 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), alt 722 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (Trádáil Chalaoiseach), agus ailt 7(1)(a)(ii), & 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 (Sciúradh Airgid).

Tá an triail sceidealaithe do 2023.

### An tUasal Kooi Hin (Keith) Yeap

Ag eascairt as imscrúdú an OSFC, agus i ndiaidh orduithe a fháil ón Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí, cúisíodh an tUasal Kooi Hin (Keith) Yeap as Faisnéis Bhréagach a Sholáthar, rud a thagann salach ar alt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tháinig na cúisimh go léir chun cinn i ndiaidh imscrúdú ildlínis ar úsáid chalaoiseach sonraí maidir le huimhir chláráithe iniúchóra bhain le sé chuideachta.

Phléadáil an tUasal Yeap ciontach i gceithre chúiseamh as Faisnéis Bhréagach a Sholáthar os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2021. I mí an Mhárta 2022 chiontaigh an Breitheamh Greally an tUasal Yeap agus chuir sé pianbhreith 120 uair an chloig de sheirbhís phobail air in ionad pianbhreith choimeádta 9 mí.

### **An tUasal Sanu Philip Mathew**

Ag eascairt as imscrúdú an OSFC ar ghnóthaí Eaglaise Cincísí bunaithe i mBaile Átha Cliath Theas, cúisíodh an tUasal Sanu Philip Mathew, as cúiseamh amháin maidir le Faisnéis Bhréagach a Sholáthar, rud a thagann salach ar alt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Bhain an cúiseamh le faisnéis bhréagach i dtuairisceáin airgeadais bhliantúla a chur isteach chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Phléadáil an tUasal Matthew ciontach os comhair Chúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus cuireadh forálacha an Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm.

# CAIBIDIL 4

## SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

# Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara seachtracha

## Caighdeán seirbhíse do chustaiméirí

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí an Oifig fós tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball den phobal a mbíonn sí ag déileáil leo. Tá na seirbhísí aiseolais agus gearáin fhoirmiúla, dá soláthraítear ar shuíomh gréasáin na hOifige an-tábhachtach don ghealltanais.

## Cairt Custaiméirí

Foilsítear doiciméid Chúram Custaiméirí na hOifige ar shuíomh gréasáin an OSFC agus tugann siad sonraí, i measc rudaí eile:

- caighdeán seirbhíse na hOifige;
- na caighdeán ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála; agus
- Foirm Aiseolais agus Gearán do Chustaiméirí.

Le linn 2021, fuarthas 1 ghearán foirmiúil faoi Nós Imeachta Gearán na hOifige do Chustaiméirí. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go bhfuil ár Nós Imeachta Gearán do Chustaiméirí ann chun déileáil le botúin, moilleanna nó drochsheirbhís do chustaiméirí. Ní bhaineann sé le míshástacht le beartas, le cinntí a rinne oifigigh nó le hábhair eile a bhaineann le cásanna. Tionscnaítear an nós imeachta trí Fhoirm Ghearán Custaiméirí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige, a chomhlánú agus a sheoladh ar ais.

## An cineál príomh-rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara seachtracha

Áirítear ar phríomh-rannpháirtíocht<sup>44</sup> na hOifige le páirtithe leasmhara seachtracha:

- i. soláthar faisnéise faoin Acht agus ábhar gaolmhar;
- ii. gníomhaíochtaí for-rochtana;
- iii. láimhseáil fiosrúcháin agus gearán ó bhaill den phobal;
- iv. caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
- v. suíomh gréasáin/meáin shóisialta

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram an Aonaid Tathanta. Cé is moite de ghearáin, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thuas, a thagann faoi shainchúram Ceannasai um Fhorfheidhmiú freisin.

## Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, a mhéid is indéanta, faisnéis ar chúrsaí ginearálta dhlí na gcuideachtaí do pháirtithe leasmhara.

D'fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt don lucht déanta fiosruithe, chuir an Oifig sraith Ceisteanna Coitianta (CCanna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin<sup>45</sup>.

44 i.e., gan páirtithe a mbítear ag plé leo i gcomhthéacs shainchúram forfheidhmiúcháin na hOifige san áireamh

45 [www.odce.ie/faq.aspx](http://www.odce.ie/faq.aspx)

Déantar athbhreithniú ar an rannán CCanna ar bhonn rialta, agus cuirtear nithe leis an méid is gá. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach arís ar roinn na CCanna agus nuashonraíodh í chun na fiosruithe is minice a fhaigheann an Oifig a léiriú. Chomh maith le féachaint ar an suíomh gréasáin, is féidir le baill den phobal fiosruithe a dhíriú chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige ([info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)) chomh maith lena gcuid fiosruithe a chur isteach ar an nguthán.

Cé go ndéileálann an Oifig le tromlach na bhfiosruithe trí threoir na seirbhísí atá leagtha amach thuas, teastaíonn freagra níos mionsonraithe agus níos meáite i leith roinnt fiosruithe agus déileálann an Oifig le go leor fiosruithe dá leithéid gach bliain. Níl an Oifig ábalta, áfach, comhairle dlí a sholáthar do fhiosraitheoirí agus, i gcúinsí ina dtugtar le fios le cineál na bhfiosruithe gurb amhlaidh atá, moltar d'fhiosraitheoirí gur cheart dóibh smaoineamh ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

### Suíomh gréasáin

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, athchóiríodh suíomh gréasáin an OSFC ar ardán nuashonraithe chun slándáil fheabhsaithe a sholáthar. Nuair a bhí an t-uasghrádú á dhéanamh, tháinig laghdú mór ar na leathanaigh a bhí ar fáil don phobal, agus ní raibh ach nuashonruithe Covid-19 le feiceáil. Léirítear an laghdú sna staitisticí laghdaithe maidir le hamhairc leathanach i rith na bliana. I ndiaidh athfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh gréasáin, chuir an Oifig Meirge Fianán i bhfeidhm de réir cheanglas an RGCS agus an r-Príobháideachais.

Sonraítear i dTábla 20 thíos na codanna sin den suíomh gréasáin a mheall an méid is mó tráchta i rith na bliana faoi athbhreithniú

**Tábla 20 Na 5 roinn bha mhó ar tugadh cuairt orthu ar an suíomh gréasáin in 2021 - [www.odce.ie](http://www.odce.ie)**

| Roinn                            | Amhairc |
|----------------------------------|---------|
| 1. Cinntí Cúirte                 | 6,033   |
| 2. Na meáin                      | 3,517   |
| 3. Foilseacháin                  | 3,205   |
| 4. Dlí na gCuideachtaí agus Tusa | 3,112   |
| 5. CCanna                        | 2,080   |

Trí bhíthin tuilleadh sonraí a thabhairt, sonraítear i dTábla 21 thíos na fiche leathanach aonair ba mhinice ar tugadh cuairt orthu (i.e., seachas ranna) ar an suíomh gréasáin i rith na bliana (gan an leathanach baile a áireamh). Mar a bhí i mblianta roimhe seo, bhí roinn na CCanna le feiceáil go mór ar na leathanaigh ba mhó ar breathnaíodh orthu. Agus na leathanaigh CCanna ar fad á gcur le chéile, mheall siad breis agus 2,000 amharc i rith na bliana.

**Tábla 21 Na 20 leathanach ba mhó ar amharcadh orthu in 2021 - [www.odce.ie](http://www.odce.ie)**

| Leathanach   | Amhairc |
|--|---------|
| 1. Cásanna Ionchúisimh   | 3,051   |
| 2. Preaseisiúintí  | 1,832   |
| 3. Dícháiliú Cúirte  | 1,689   |
| 4. Dlí na gCuideachtaí agus Tusa/Scairshealbhóirí                      | 947     |
| 5. Dlí na gCuideachtaí agus Tusa/Stiúrthóirí agus Rúnaithe Cuideachtaí | 826     |
| 6. CCanna Cuideachtaí Bainistíochta                                    | 689     |
| 7. Dlí na gCuideachtaí agus Tusa/Treoir Eile                           | 611     |
| 8. Foirceannadh agus Dócmhainneacht                                    | 590     |
| 9. Uiríll  | 509     |
| 10. Foilseacháin a Bhaineann le Leachtú                                | 506     |
| 11. Reachtaíocht an Dlí Cuideachtaí                                    | 819     |
| 12. Tuarascálacha agus Athbhreithnithe Bliantúla                       | 429     |
| 13. Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí                       | 387     |
| 14. Foilseacháin Chorparáideacha Eile                                  | 358     |
| 15. Na Meáin/Ailt  | 353     |
| 16. Feidhmeanna/Seirbhísí Custaiméirí                                  | 344     |
| 17. Airgeadas agus Soláthar  | 343     |
| 18. Dlí na gCuideachtaí agus Tusa/Cuntasóirí agus Iniúcháirí           | 323     |
| 19. Ár Ról   | 294     |
| 20. Páipéir Chomhairliúcháin   | 285     |

Úsáideadh an suíomh gréasáin ó ghléasanna móibíleacha 4,274 uair i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 528 duine cláraithe chun fógraí suímh gréasáin a fháil ar an ríomhphost. Soláthraíonn an Oifig leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin freisin agus, in 2021, bhí 1% den trácht ar fad ar an suíomh gréasáin chuig an leagan Gaeilge ([www.osfc.ie](http://www.osfc.ie)) agus tugadh 1,014 amharc air.

### Meáin shóisialta

Leanann an Oifig ag baint úsáid as ardáin éagsúla meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh lena páirtithe leasmhara. Go sonrach, oibríonn an Oifig ar dhá ardán, i.e., Twitter agus LinkedIn. Úsáidtear na meáin sin chun aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí for-rochtana na hOifige agus iad a chur chun cinn.

### Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha

#### Oiliúint agus forbairt na mball foirne

Cuirtear bainistíocht feidhmíochta i bhfeidhm i ngach Roinn agus Oifig Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme gach bliain í. Féachtar sé lena chinntiú go mbeidh ról na mball foirne aonair soiléir agus go mbeidh siad ag teacht leis na cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú. Nascann sé cláir oiliúna agus caiteachais na hOifige go díreach le ról gach ball foirne chomh maith. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig leis na baill foirne ina gcuid riachtanas oiliúna agus forbartha.

Fuair foireann an OSFC **200.3** lá oiliúna san iomlán le linn 2021 (2020: 138), lena n-áirítear:

- oiliúint a cuireadh ar fáil ó acmhainní inmheánacha – 162.3 lá, a bhain le 36 ball foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 38 lá, a bhain le 19 ball foirne.

Le 2021, chuidigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoi na cláir oideachais, oiliúna agus forbartha seo a leanas:

- i.** MA (Dli);
- ii.** Diplóma Gairmiúil sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht;
- iii.** Teastas Gairmiúil i bhFrith-éilliú;
- iv.** Teastas Gairmiúil i Rialachas;
- v.** Sceithreacht agus Nochtadh Cosanta - Ag Ullmhú do Threoir AE maidir le Sceithreacht;
- vi.** riachtanais FGL<sup>46</sup> na mball foirne cuntasaíochta;
- vii.** riachtanais FGL na mball foirne aturnaetha;
- viii.** riachtanais FGL na mball foirne innealtóirí;

**Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus de bhua stádas na hOifige mar eintiteas eanála poiblí arna bhunú le reacht**

### **Ceisteanna Parlaiminteacha (“CP”)**

Tarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a sholáthar don Roinn chun cuidiú léi freagairtí Airí ar Cheisteanna Parlaiminteacha na dTeachtaí a ullmhú. Chomh maith leis sin, bíonn an Oifig ina hábhar i gCeisteanna Parlaiminteacha na dTeachtaí corruair. Le linn na bliana, sholáthair an Oifig ábhar mar fhreagra ar 26 CP (2020: 31.).

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

Foráiltear san Acht um Íoc Pras Cuntas i leith íocaíocht úis le soláthraithe nach mbíonn a sonraisc íochta ar dháta forordaithe (30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil de ghnáth). In ainneoin bheartas na hOifige gach sonrasc a shocrú laistigh d’achar ama forordaithe, ícadh 16 shonrasc lasmuigh den am ceadaithe agus mar thoradh air sin tabhaidh Ús Íoca Phrais de €210.67, mar aon le €790.01 i bpionóis (2020: seacht sonrasc, €2.37 agus €370 faoi seach). Ba iad na fadhbanna a bhain le cianobair ba chúis leis na moilleanna íocaíochta go príomha.

### **Plean Gníomhaíochta maidir le Bainistíocht Riosca**

Le linn na bliana, rinne an OSFC athbhreithniú agus nuashonrú ar phlean bainistíochta riosca na hOifige i gcomhar leis an Roinn.

### **Saoráil Faisnéise (SF)**

Tá formhór thaifid na hOifige (m.s. gach taifead seachas taifid a bhaineann lena riarachán ginearálta) díolmhaithe ón Acht um Shaoráil Faisnéise. Le linn 2021, rinneadh 7 n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2020: 5).

As na hiarratais a fuarthas, deonaíodh dhá cheann ina n-iomláine nó go páirteach agus bhí an chuid eile ar taifid nach raibh ann, nach raibh i seilbh an OSFC (agus dá bhrí sin b’éigean iad a dhiúltú) nó nár tháinig faoi raon feidhme an Achta.

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, foilsítear Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise na hOifige ar a suíomh gréasáin, mar aon le logleabhar d’Iarratais SF agus na cinntí maidir leis na hiarratais sin<sup>47</sup>.

### **Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Leis an reachtaíocht sin tugtar leibhéal leathan cosanta do shaoránaigh maidir le príobháideacht agus úsáid a sonraí

---

46 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

47 [https://www.odce.ie/Portals/0/Documents/Functions/ODCE\\_FOI\\_Log\\_Dec2021.pdf](https://www.odce.ie/Portals/0/Documents/Functions/ODCE_FOI_Log_Dec2021.pdf)

pearsanta, agus tugtar cearta rochtana ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád nó á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíonfar an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, chomh maith le seisiúin faisnéise a thionól chun go mbeidh gach ball foirne ar an eolas faoi na hoibleagáidí nua.

Le linn 2021, rinneadh trí iarratas ar fhaisnéis chuig an Oifig faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 (2020: 4). Rinneadh gach iarratas a mheas agus, nuair b'infheidhme, soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha do na hábhair shonraí a mhéid nach raibh na cearta ar fhaisnéis den sórt sin srianta a mhéid is gá chun feidhmeanna an Stiúirthóra a chosaint agus i gcás ina raibh srianadh den sórt sin comhréireach.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Dhréachtaigh an Oifig an dara Scéim faoin Acht in 2011 agus táthar ag fanacht le comhaontú leis an gCoimisinéir Teanga maidir leis an Scéim sin. Idir an dá linn, tá an Scéim roimhe seo, chomh maith le ceanglais reachtúla an Achta fós i bhfeidhm. Lean an OSFC, mar sin, le linn na bliana faoi athbhreithniú le monatóireachta a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin agus a Scéime.

### **Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme**

Le 2021, nuashonraigh an Oifig an ráiteas go bhfuil sé ar intinn aici Dualgas na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019 atá foilsithe ar a suíomh gréasáin. Leis an dualgas sin cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí agus baill foirne agus iad i mbun a gcuid oibre laethúil a chosaint.

Ina gnáthobair laethúil agus go háirithe ina cuid déileálacha le páirtithe leasmhara cinntíonn an Oifig nach ndéanfar idirdhealú i leith aon bhall den phobal nó aon pháirtí leasmhara eile agus iad ag caidreamh leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta maidir le hinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéasclaonadh, míchumas, aois, cine, creideamh agus ballraíocht sa phobal Taistealaithe.

Tugann an Oifig an chóir chomhionann céanna dá baill foirne.

### **Laghdú ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin**

Roinneann an Oifig a háitreabh le roinnt áititheoirí eile, agus, ag 45.62%, tá cion an spáis a leithdháiltear ar an Oifig beagán níos lú ná a leath. Baineann thart ar leath den leictreachas go léir a úsáidtear san fhoirgneamh le soilsiú agus le cumhachtú trealaimh oifige, agus baineann an chuid eile leis an gcóras téimh agus aerchóirithe. Úsáidtear ídiú gáis chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an t-ídiú gáis le haghaidh na bliana agus 237,000 cileavata (kwu) (2020: 336,000 kwu), agus bhí an OSFC freagrach as thart ar 108,100 kwu de. B'ionann an t-ídiú leictreachais le haghaidh na bliana agus 525,500 kwu (2020: 460,000 kwu), agus bhí an OSFC freagrach as thart ar 240,000 kwu de.


Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí áitribh na hOifige fós tearc-áitithe mar go raibh cuid mhór de na baill foirne ag obair ó chian de réir na dtreoirínte Sláinte Poiblí maidir le cosaint in aghaidh Covid-19. Cé go raibh sé mar thoradh air sin nár úsáideadh an oiread fuinnimh do threalamh, bhí soilsiú, téamh agus fuarú fós ag teastáil ó na baill foirne a bhí ar an láthair. Leanann an Oifig le féachaint le tionscnaimh a cheapadh chun ídiú fuinnimh a laghdú tuilleadh, agus d'fhreastail ionadaithe ar chuir i láthair fhíorúla ar an ábhar a cuireadh ar fáil tríd an bhfeachtas OP@W (Optimising Power @ Work). Ina theannta sin, suiteáladh braiteoirí breise lena chinntiú go raibh soilse múchta nuair nach raibh gá leo. Tá cairteacha úsáide fuinnimh do 2019 go 2021 leagtha amach thíos.

Ba é 5% eile an sprioc le haghaidh laghdú foriomlán ar ídiú fuinnimh in 2021. Ba é an toradh feidhmíochta fuinnimh do 2021 coigilteas 8% in úsáid leictreachais agus 28% in úsáid gháis, rud a thugann coigilteas




foriomlán 18% le haghaidh 2021 i gcomparáid le 2020, in ídiú gás den chuid ba mhó.

## Úsáid gháis 2019 - 2021




## Úsáid leictreachais 2019 - 2021



Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí lorg carbóin an fhoirgnimh ar fad a thomhas agus a mhaoirsiú thar ceann Fhoireann Ghlas an fhoirgnimh, agus cuirtear na sonraí ar fáil go rialta do gach duine a bhfuil cónaí orthu san fhoirgneamh. Léirítear sa chart atáirgthe thíos an laghdú ar astaíochtaí carbóin mar thoradh ar fhuinneamh a úsáideadh san áitreabh ar fad le trí bliana anuas arna thomhas i gcoinne astaíochtaí in 2014, nuair a chuaigh na háitribh isteach san fheachtas. B'ionann an laghdú in 2021 thar 2014 agus 35%, de réir na sprice don sprioc laghdú 50% faoi 2030.

### Próifíl na n-astaíochtaí bliantúla iomlána



# AGUISÍNÍ

# AGUISÍN 1

## LEITHDHÁILTE I GCOMPARÁID LE CAITEACHAS IARBHÍR 2019-2021

|                                     | 2019    |                | 2020    |                | 2021    |                |
|-------------------------------------|---------|----------------|---------|----------------|---------|----------------|
|                                     | €000    | €000           | €000    | €000           | €000    | €000           |
| <b>Leithdháileadh</b>               |         |                |         |                |         |                |
| Deontas Státchiste                  | 6,057   |                | 6,057   |                | 6,057   |                |
| Costais Teagmhasachta - Dhlíthiúla  | 50      | 6,107          | 50      | 6,107          | 50      | 6,107          |
| <b>Caiteachas</b>                   |         |                |         |                |         |                |
| Tuarastail                          | 2,503.1 |                | 2,295.8 |                | 2,461.9 |                |
| Fógraíocht & Poiblíocht             | 32.2    |                | 19.7    |                | 27.3    |                |
| Áitreabh Oifige                     | 290.0   |                | 357.6   |                | 302.0   |                |
| Speansais Dlíthiúla                 | 1,075.2 |                | 995.9   |                | 1,642.9 |                |
| Sainchomhairleoireacht              | 3.8     |                | 29.6    |                | 17.9    |                |
| Ríomhaireacht                       | 204.3   |                | 441.7   |                | 267.2   |                |
| Priontáil                           | 28.8    |                | 22.8    |                | 29.4    |                |
| Speansais Teagmhasacha              | 29.1    |                | 32.7    |                | 55.9    |                |
| Taisteal agus Cothú                 | 25.2    |                | 8.9     |                | 21.4    |                |
| Teileachumarsáid                    | 45.3    |                | 54.3    |                | 88.5    |                |
| Seirbhísí Poist/Cúiréara            | 7.9     |                | 8.1     |                | 13.2    |                |
| Innealra & Fótachóipeáil na hOifige | 17.5    |                | 7.9     |                | 3.0     |                |
| Forbairt Acmhainní Daonna           | 37.4    |                | 35.7    |                | 72.9    |                |
|                                     |         | 4,299.8        |         | 4,310.7        |         | 5,003.5        |
| <b>Méid a ghéilleadh</b>            |         | <b>1,807.2</b> |         | <b>1,796.3</b> |         | <b>1,103.5</b> |

## AGUISÍN 2

### CUIR I LÁTHAIR A THUG BAILL FOIRNE AN OSFC LE LINN 2021

Is é seo a leanas miondealú ar na catagóirí:

| Dáta                                 | Eagraíocht   |
|--------------------------------------|--|
| <b>Institiúidí Tríú Leibhéal</b>     |  |
| 26/01/21                             | Teorainneacha Nua Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo            |
| 12/02/21                             | Teorainneacha Nua Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh                          |
| 16/02/21                             | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo                            |
| 17/02/21                             | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo                            |
| 30/03/21                             | Teorainneacha Nua Bhaile Bhlainséir  |
| 15/04/21                             | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath                                       |
| 11/05/21                             | Teorainneacha Nua Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge                      |
| 08/09/21                             | Teorainneacha Nua Cheatharlach   |
| <b>Comhlachtaí Gairmiúla</b>         |  |
| 13/10/21                             | Cruinniú Mullaigh na Coireachta Corparáidí & Rialála (A&L Goodbody)            |
| 14/10/21                             | Cuntasóirí Cairte in Éirinn  |
| 18/11/21                             | Comhlachas na nOifigeach um Chomhlíonadh in Éirinn                             |
| 15/12/21                             | Cuntasóirí Deimhnihe Poiblí in Éirinn  |
| <b>Comhlachtaí Poiblí</b>            |  |
| 29/03/21                             | An Coimisiún Eorpach   |
| 22/04/21                             | CEPOL (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oilíúint i bhForfheidhmiú an Dlí) |
| 07/07/21                             | DETE (Iniúcháireacht Inmheánach)   |
| 10/09/21                             | Comhairle Contae Chill Dara  |
| 22/09/21                             | Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann   |
| 14/10/21                             | GNECB/AGS/COBÁC  |
| <b>Comhlachtaí/Eagraíochtaí eile</b> |  |
| 20/04/21                             | Gréasán na nÚinéirí Árasán   |
| 12/08/21                             | Dianchúrsa Omnipro   |

### FOILSEACHÁIN A EISÍODH AGUS A FOILSÍODH IN 2021

| Dáta           | Ainm an Fhoilseacháin      |
|----------------|----------------------------|
| Meitheamh 2021 | Tuarascáil Bhliantúil 2020 |

## AGUISÍN 3

### TUARASCÁIL FAOI ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

Foráiltear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go n-ullmhóidh agus go bhfoilseoidh gach comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuairisc maidir leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm a fhágann nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa tuairisc thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a rinneadh leis an gcomhlacht poiblí;
- ii. an beart (más ann dó) a rinneadh mar fhreagra ar an nochtadh cosanta sin; agus
- iii. pé faisnéis eile a bhaineann leis an nochtadh cosanta sin agus an beart a rinneadh a iarrfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile.

#### **Tuairiscí a fuarthas le linn 2021**

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021, fuair an OSFC 2 (2020: 1) nochtadh cosanta.

#### **Beart (más ann dó) a rinneadh mar fhreagra ar an nochtadh cosanta a fuarthas**

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh air, cinneadh go raibh nochtadh cosanta amháin a fuarthas lasmuigh de shainchúram na hOifige agus tá an ceann eile fós á scrúdú.

#### **Pé faisnéis eile a bhaineann leis an nochtadh cosanta sin agus an beart a rinneadh a iarrfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile**

Ní bhaineann le hábhar

## AGUISÍN 4

### CÁSANNA LEACHTAITHE I GCÁS GUR THUG STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA GEALLTANAIS UM THOILIÚ SRIANTACHTA DE BHUN ALT 852 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

| Uimhir Cuideachta | Ainm na Cuideachta                              | Ainm an Stiúirthóra |               | Dáta arna Shrianadh |
|-------------------|---|---------------------|---------------|---------------------|
| 530460            | Anthony Kiernan Limited                         | Anthony             | Kiernan       | 03/08/2021          |
| 405852            | Bedzilla Limited                                | Adrian              | McCaffery     | 23/03/2021          |
| 70018             | Broderick Furniture & Wholesale Company Limited | Sean                | Broderick     | 30/11/2021          |
| 70018             | Broderick Furniture & Wholesale Company Limited | Caroline            | Mahony        | 30/11/2021          |
| 374565            | C.C.C. Builders Limited                         | Anthony             | Coleman (Snr) | 22/12/2021          |
| 423254            | Care & Cure Trading Limited                     | Ling Yun            | Zhang         | 16/12/2021          |
| 592629            | Choice Media Limited                            | Paul                | Earls         | 13/09/2021          |
| 592629            | Choice Media Limited                            | Edward              | Earls         | 13/09/2021          |
| 469575            | Church Road Initiative Limited                  | Robert              | Masterson     | 13/08/2021          |
| 356204            | Corbett & O'Dea Limited                         | Thomas              | Corbett (Jnr) | 22/12/2021          |
| 521905            | Cowleys Haulage & Civil Limited                 | Mark                | Cowley        | 22/12/2021          |
| 447885            | Crokers Bar & Restaurant Limited                | Brian               | Smith         | 12/11/2021          |
| 508993            | D&J Premier Car Limited                         | Daragh              | Murphy        | 27/08/2021          |
| 508993            | D&J Premier Car Limited                         | Sharon              | Murphy        | 27/08/2021          |
| 640938            | Danorlagh Energy Systems Limited                | Dan                 | Andrews       | 26/10/2021          |
| 640938            | Danorlagh Energy Systems Limited                | Orla                | Carey         | 26/10/2021          |
| 532526            | Gardening Impulse Limited                       | Brian               | Hennessy      | 13/09/2021          |
| 242956            | Grade Developments Limited                      | Patrick             | Norris        | 23/03/2021          |
| 242956            | Grade Developments Limited                      | Sean                | Norris        | 23/03/2021          |
| 378522            | Grafton College of Management Sciences Limited  | Saeed               | Rehman        | 24/02/2021          |
| 335689            | Greeneform Limited Company                      | John                | Greene        | 30/11/2021          |
| 501508            | Ivors Engines Limited                           | Ivor                | Robinson      | 09/11/2021          |
| 544026            | Jax Miller Unlimited Company                    | Ann                 | O'Donnell     | 22/12/2021          |
| 544026            | Jax Miller Unlimited Company                    | John                | O'Donnell     | 22/12/2021          |
| 574879            | JC and Deb Limited                              | John                | Cooke         | 08/12/2021          |
| 548960            | Lubdub Foods Limited                            | Thippeswamy         | Sannaveerappa | 01/12/2021          |
| 515055            | Mark Walsh Motors Limited                       | Mark                | Walsh         | 01/10/2021          |
| 481256            | P & M Painting & Decorating Services Limited    | Martin              | Quinn         | 06/05/2021          |

|        |  |             |         |            |
|--------|--|-------------|---------|------------|
| 481256 | P & M Painting & Decorating Services Limited | Philip      | Quinn   | 06/05/2021 |
| 469653 | Pat White Cars Limited                       | Pat         | Geal    | 11/02/2021 |
| 469653 | Pat White Cars Limited                       | Rita        | Geal    | 11/02/2021 |
| 382548 | R.K. Cleaners Limited                        | Noel        | Kearney | 05/08/2021 |
| 486382 | Rathmond Ireland Limited                     | Barry       | Sheehan | 06/04/2021 |
| 400044 | Studioline Limited                           | Kevin       | Stanley | 14/09/2021 |
| 519710 | Super Miss Sue Limited                       | John        | Farrell | 12/06/2021 |
| 490336 | Taculla Limited                              | Christopher | Leonard | 22/12/2021 |
| 419563 | Whisper Diva Limited                         | David       | Duggan  | 27/08/2021 |
| 419563 | Whisper Diva Limited                         | Gillian     | Duggan  | 27/08/2021 |
| 528267 | Yourtel Limited                              | Mario       | Kovac   | 17/08/2021 |
| 528267 | Yourtel Limited                              | Marijan     | Vukusic | 17/08/2021 |

#### CÁSANNA LEACHTAITHE INA NDEARNA AN ARD-CHÚIRT DEARBHUITHE SRIANTACHTA DE BHUN ALT 819 ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

| Uimhir Chuideachta | Ainm na Cuideachta            | Ainm an Stiúirthóra |         | Dáta arna Shrianadh |
|--------------------|-------------------------------|---------------------|---------|---------------------|
| 500368             | Autosports Motors Limited     | Sarah               | Walker  | 13-Noll-21          |
| 594132             | Copperpot Limited             | Barry               | Dunning | 6-Noll-21           |
| 594132             | Copperpot Limited             | Tommy               | Lyons   | 6-Noll-21           |
| 139898             | Enfield Coaches Limited       | John Paul           | Healy   | 6-Noll-21           |
| 378731             | Haz.com Fuels Limited         | Michael             | Murphy  | 18-DF-21            |
| 555179             | Jemvale Limited               | Marie               | McNamee | 28-Meith-21         |
| 555179             | Jemvale Limited               | Michael             | McNamee | 28-Meith-21         |
| 478258             | Sapol Electrical Limited      | Thomas              | Bolger  | 18-DF-21            |
| 478258             | Sapol Electrical Limited      | Sinead              | O'Leary | 18-DF-21            |
| 479598             | Thumple Limited               | Paul                | McMahon | 18-DF-21            |
| 365797             | Unitec Investigations Limited | Bernice             | Sands   | 05-Iúil-21          |



## AGUISÍN 5

### CÁSANNA LEACHTAITHE I GCÁS GUR THUG STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA GEALLTANAIS UM THOILIÚ DÍCHÁILIÚCHÁIN DE BHUN ALT 85o D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

| Uimhir Cuideachta | Ainm na Cuideachta             | Ainm an Stiúrthóra |          | Dícháilithe ón | Dícháilithe go dtí an |
|-------------------|--------------------------------|--------------------|----------|----------------|-----------------------|
| 583785            | Athrú IT Advisory Limited      | Gabhan             | O'Connor | 04/05/2021     | 03/05/2026            |
| 532526            | Gardening Impulse Limited      | Michael            | Hennessy | 13/09/2021     | 12/09/2026            |
| 354044            | SK Electrical Services Limited | Mark               | Kelly    | 22/12/2021     | 21/12/2026            |
| 354044            | SK Electrical Services Limited | Tara               | Kelly    | 22/12/2021     | 21/12/2026            |

### CUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE - CÁSANNA INAR THUG NA STIÚRTHÓIRÍ GEALLTANAIS UM THOILIÚ DÍCHÁILIÚCHÁIN DE BHUN ALT 85o D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

| Uimhir Cuideachta | Ainm na Cuideachta                    | Ainm an Stiúrthóra         |  | Dícháilithe ón | Dícháilithe go dtí an |
|-------------------|---------------------------------------|----------------------------|--|----------------|-----------------------|
| 374793            | Asgard Interiors Limited              | Martin Landy               |  | 03/06/2021     | 02/06/2025            |
| 456493            | Brian Dunphy Vehicles Limited         | Martin Kelly               |  | 07/05/2021     | 06/05/2025            |
| 476364            | Christopher Kavanagh Security Limited | Sean McCormack             |  | 02/07/2021     | 01/07/2025            |
|                   |                                       | Derek Kavanagh             |  | 02/07/2021     | 01/07/2025            |
| 124841            | Courtline Services Limited            | Taragh Faulkner            |  | 03/06/2021     | 02/06/2025            |
|                   |                                       | Sabena Faulkner            |  | 18/05/2021     | 17/05/2025            |
|                   |                                       | Wayne Faulkner             |  | 03/06/2021     | 02/06/2025            |
| 147994            | Fitzgerald, Callinan & Co Limited     | Peadar Fitzgerald          |  | 19/12/2020     | 18/12/2024            |
|                   |                                       | Marion Fitzgerald          |  | 19/12/2020     | 18/12/2023            |
| 541701            | Funshinagh Limited                    | Deirdre Ryan               |  | 20/05/2021     | 19/05/2025            |
|                   |                                       | Nicholas Ryan              |  | 20/05/2021     | 19/05/2025            |
| 555541            | General Steel Fixing Limited          | Constantin Gheorghe Cirdei |  | 04/11/2021     | 03/11/2025            |
|                   |                                       | Nicoleta Ambul             |  | 04/11/2021     | 03/11/2025            |
| 533752            | Henry Haulage & Logistics Limited     | Helen Henry                |  | 11/05/2021     | 10/05/2025            |
|                   |                                       | Brendan Henry              |  | 11/05/2021     | 10/05/2025            |
| 488759            | JP Reilly Limited                     | JP Reilly                  |  | 17/09/2021     | 16/09/2025            |
|                   |                                       | Sinead Reilly              |  | 02/10/2021     | 01/10/2025            |
| 474050            | Kyle Cleaning Services Limited        | David Finn                 |  | 01/07/2021     | 30/06/2025            |
| 288205            | Martin Murray Developments Limited    | Martin Murray              |  | 06/03/2021     | 05/03/2024            |
|                   |                                       | Catherine Murray           |  | 06/03/2021     | 05/03/2024            |
| 520873            | MJR Electrical Limited                | Michael Ryan               |  | 07/05/2021     | 06/05/2025            |
| 549860            | Plumage Transport Limited             | Jennifer Johnson           |  | 09/04/2021     | 08/04/2024            |
| 485700            | Powersafe Technologies Limited        | Richard Murphy             |  | 10/08/2021     | 09/08/2025            |

## CÁSANNA LEACHTAITHE INA NDEARNA AN ARD-CHÚIRT ORDUITHE DÍCHÁILIÚCHÁIN DE BHUN ALT 842 ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

| OCC    | Ainm na Cuideachta                         | Ainm an Stiúirthóra |            | Dícháilithe ón | Dícháilithe go dtí an |
|--------|--|---------------------|------------|----------------|-----------------------|
| 500368 | Autosports Motors Limited                  | Glenn               | Walker     | 13-Noll-21     | 12-Noll-31            |
| 327571 | Carrigaline Carpentry Services Limited     | John                | O'Neill    | 15-Samh-21     | 14-Samh-28            |
| 327571 | Carrigaline Carpentry Services Limited     | Brian               | O'Neill    | 15-Samh-21     | 14-Samh-28            |
| 494630 | Gaboto Limited                             | Paul                | Devlin     | 08-Samh-21     | 07-Samh-36            |
| 494630 | Gaboto Limited                             | Fiona               | McNally    | 08-Samh-21     | 07-Samh-36            |
| 555589 | Green Electro Commodities Limited          | Wayne               | O'Sullivan | 20-Noll-21     | 19-Noll-26            |
| 437882 | MC Developments (Ballingarry) Limited      | Michael             | Kealy      | 29-Samh-21     | 28-Samh-26            |
| 437882 | MC Developments (Ballingarry) Limited      | Caroline            | Kealy      | 29-Samh-21     | 28-Samh026            |
| 515093 | Kraft Commerce Limited                     | Wayne               | O'Sullivan | 20-Noll-21     | 19-Noll-28            |
| 567153 | Lindos Weddings Limited                    | Laurence            | Traynor    | 28-Meith-21    | 27-Meith-26           |
| 408975 | Pembroke Dynamic Internet Services Limited | Peter J.            | Conlon     | 09-Iúil-21     | 08-Iúil-37            |
| 365797 | Unitec Investigations Limited              | Kieran              | Sands      | 05-Iúil-21     | 04-Iúil-29            |

# GLUAIS

## GLUAIS

|                   |  |
|-------------------|--|
| <b>Acht</b>       | Acht na gCuideachtaí 2014  |
| <b>CGB</b>        | Cruinniú Ginearálta Bliantúil  |
| <b>GADC</b>       | An Grúpa Athbhreithniú ar an Dlí Cuideachtaí                                   |
| <b>FGL</b>        | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach  |
| <b>OCC</b>        | An Oifige um Chlárú Cuideachtaí  |
| <b>Roinn</b>      | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta                                     |
| <b>Stiúrthóir</b> | An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach                                   |
| <b>SIP</b>        | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí  |
| <b>CCanna</b>     | Ceisteanna Coitianta   |
| <b>SF</b>         | Saoráil um Fhaisnéis   |
| <b>BNCSCÉ</b>     | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch                   |
| <b>GAH</b>        | Grúpa Athbhreithnithe Hamilton   |
| <b>ÚMICÉ</b>      | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann                    |
| <b>CIRD</b>       | Cumann Idirnáisiúnta na Rialaitheoirí Dócmhainneachta                          |
| <b>GÉCBS</b>      | Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní                            |
| <b>Acht GÉCBS</b> | An tAcht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015          |
| <b>Aire</b>       | An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta                                     |
| <b>MT</b>         | Meabhrán Tuisceana   |
| <b>OSFC/Oifig</b> | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach                             |
| <b>Oireachtas</b> | Téarma ar Theach Uachtarach agus ar Theach Íochtarach na Parlaiminte le chéile |
| <b>ÍMAT</b>       | Íoc Mar a Thuillir   |
| <b>ÁSG</b>        | Árachas Slánaíochta Gairmiúla  |
| <b>CGF</b>        | Comhlacht Gairmiúil Forordaithe  |
| <b>CP</b>         | Ceisteanna Parlaiminteach  |
| <b>ÁSPC</b>       | Árachas Sóisialach Pá-choibhneasa  |
| <b>CCA</b>        | Comhlacht Cuntasaíochta Aitheanta  |
| <b>Clár</b>       | Clár na gCuideachtaí arna choimeád ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí           |
| <b>IR</b>         | Ionstraim Reachtúla  |
| <b>CBL</b>        | Cáin Bhreislúacha  |
| <b>CL</b>         | Coibhéis Lánaimseartha Iomlán  |

**Chun tuilleadh eolais a fháil,  
déan teagmháil le:**

Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú  
Corparáideach

16 Cearnóg Parnell Thoir  
Baile Átha Cliath 1, D01 W5C2

**Teil:** +353 1 858 5800

**Lo-call:** 1890 315 015

**Facs:** +353 1 858 5801

**Ríomhphost:** [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)

**Gréasán:** [www.odce.ie](http://www.odce.ie)

**Twitter:** @odce



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement